Údarás na Gaeltachta

# Ráiteas Deireadh Bliana 2025



# Naisc Tapaidh


Príomhfhigiúirí 2025 — 3
Buaicphointí Gnó — 4
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh 2025 — 6
Fiontraíocht & Fostaíocht — 11
An Phleanáil Teanga — 19
Turasóireacht — 23
Forbairt Tithíochta sa Ghaeltacht — 26
Oiliúint — 29
An Earnáil Forbartha Pobail — 34
Diaspóra na Gaeltachta — 38
Inbhuanaitheacht — 43
Fochuideachtaí — 44
Tograí Eorpacha — 49
An Ghaeilge agus an Ré Dhigiteach — 52
Údarás na Gaeltachta sa Phobal — 54
Athbhreithniú de réir Ceantair Ghaeltachta — 56
- Gaeltacht Dhún na nGall — 58
- Gaeltacht Mhaigh Eo — 64
- Gaeltacht na Mí — 68
- Gaeltacht na Gaillimhe — 70
- Gaeltacht Chiarraí — 74
- Gaeltacht Chorcaí — 78
- Gaeltacht Phort Láirge — 82

# Príomhfhigiúirí 2025

## 681

681 post nua cruthaithe sa Ghaeltacht in 2025

## 214

214 folúntas i gcliantchomhlachtaí ag deireadh 2025

## €38.1m

An bhliain is fearr riamh do mhaoiniú taighde: €38.1m faighte trí DTIF

## 4

Ardú ar an leibhéal fostaíochta i gceithre chontae Gaeltachta

## 585

585 duine fostaithe i bhfiontair shóisialta Gaeltachta

## 293

293 post nua ceadaithe ag Bord Údarás na Gaeltachta

## €3.9m

28 Plean Teanga le 33 post á gcur i bhfeidhm le buiséad €3.9m

## 436

gteic – 436 duine ag obair i 29 mol digiteach sa ghréasán digiteach

## €18m

Os cionn €18m infheistithe i maoin Údarás na Gaeltachta

## €1.4m

€1.4m infheistithe in oiliúint agus i bhforbairt scileanna

## 72

Chláraigh 72 rannpháirtí ar Scéim na bPrintíseach in 2025, ag fáil oiliúna i réimsí leathan ceirde. Fás 40 ó 2024.

## €697m

Luach €697m easpórtáilte in 2024

## 9716

9,716 post i gcliantchomhlachtaí

## 985

985 duine fostaithe ar na scéimeanna sóisialta fostaíochta

## €7.38m

Cuireadh soláthar iomlán de €7.38m ar fáil faoin gCiste Forbartha Pobail, Forbartha Teanga & Eagraíochtaí Forbartha Pobail.



Cosán siúlóide Sheana Mhach, a d'oscail an tAire Dara Calleary TD ar an 27 Lúnasa 2025

# Buaicphointí Gnó

## 1. Díolacháin Stairiúla

**€1 BILLIÚN**

Don dara bliain as a chéile, tá díolacháin os cionn €1 billiún bainte amach ag cliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta.

## 2. Luach Easpórtála

**€697M**

Léiríonn luach easpórtála €697m raon feidhme idirnáisiúnta ghnólachtaí na Gaeltachta.

## 3. Fás Inbhuanaithe

**9,716**

Léiríonn na 9,716 post sna cliantchomhlachtaí go bhfuil fostaíocht chobhsaí sa Ghaeltacht agus go bhfuil teaghlaigh ábalta socrú síos ann.

## 4. Rath Fadtéarmach

**43% ↗**

Tá fás 43% ar dhíolacháin iomlána ó 2015, rud a léiríonn forbairt ghnó leanúnach.

Oileán Acla



# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh 2025



Tomás Ó Síocháin,
Príomhfheidhmeannach
Údarás na Gaeltachta

### Bunchloch Láidir, Forás Leanúnach

Don dara bliain as a chéile, tá díolacháin ar fiú níos mó ná €1 billiún (míle milliún) iad, bainte amach ag cliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta. Chuir na comhlachtaí sin luach €570m le geilleagar na tíre; ba bhuntáiste sunstasach don gheilleagar náisiúnta é sin mar thoradh ar infheistíocht an stáit in Údarás na Gaeltachta.

681 post nua a chruthaigh na comhlachtaí sin in 2025. 9,716 duine atá ag obair sna comhlachtaí sin, trasna na gceantar Gaeltachta sna seacht gcontae. Is leibhéal seasmhach fostaíochta é sin ón mbliain seo caite. Cuireann an bhunchloch sin deis ar fáil do theaghlaigh cur fúthu sa Ghaeltacht agus an chéad ghlúin eile a thógáil sa Ghaeltacht, ceantar ina gcuirtear tacaíochtaí ar fáil dóibh siúd a leanann den Ghaeilge a úsáid mar theanga pobail sa Ghaeltacht.

Lean an obair thacaíochta i rith na bliana faoin gCiste Forbartha Pobail, Forbartha Teanga & Eagraíochtaí Forbartha Pobail in 2025 [€7.38m]. Rinneadh dul chun cinn ar cheist na tithíochta i gcomhpháirt leis na hÚdaráis Áitiúla sna ceantair Ghaeltachta agus táthar ag súil cead pleanála a lorg do thithíocht ar thrí shuíomh i dtrí chontae éagsúla i rith 2026 agus tograí eile sna sála air sin do 2027. Tá seirbhís ar bun cheana féin chun cabhrú le daoine a bhfuil Gaeilge acu cur isteach ar Scéim na dTithe Tréigthe i gcomhpháirt le Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Tá athbhreithniú déanta ag Roinn na Gaeltachta ar an bPleanáil Teanga agus beidh an taighde sin ina chabhair don 28 Plean Teanga agus don 33 Oifigeach Pleanála Teanga a raibh buiséad €3.9m luaite leis an obair sin i mbliana. Beidh Údarás na Gaeltachta ag tacú go láidir le plean nuafhoilsithe an Rialtais a bheidh ag cur go mór le seirbhísí poiblí don Ghaeltacht, agus beidh deiseanna sonracha fiontraíochta, teanga agus teicneolaíochta i réimsí ar nós na hintleachta saorga ag eascair as an obair sin.

Tugann an bunchloch sin deis do theaghlaigh cur fúthu sa Ghaeltacht, an chéad glúin eile a thógáil sa Ghaeltacht i measc na dtacaíochtaí dóibh siúd go bhfuil an Ghaeilge in úsáid i gcónaí acu mar theanga pobail sa Ghaeltacht.

Tá 436 duine ag obair sa ghréasán gteic, a bhfuil 29 mol digiteach lonnaithe acu ar fud na Gaeltachta. Beidh gteic Champas Íosagáin, gteic Thoraigh agus gteic Bhaile na Finne ag oscailt go luath. Seoladh Scéim Forbartha Gaeilge do chliantchomhlachtaí le linn 2025. Tá 15 chomhlacht, a bhfuil 1,139 fostaí ag obair iontu, cláraithe cheana féin don scéim sin. Beidh foireann an ghréasáin ag fás tuilleadh agus clár leathan seirbhísí á bhforbairt chun tacú leis sin.

Tá breis agus €70m in airgead taighde iomaíoch aimsithe ag 14 togra ón gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha a raibh comhlachtaí Gaeltachta a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta páirteach iontu. Chomh maith le béim a chur ar thaighde agus nuálaíocht, cuirfear go mór le caighdeán agus le hinmharthanacht na fostaíochta.

Tá béim ar leith sa phlean cur go mór le Seirbhísí Gaeilge don Phobal i dtaobh uirlisí intleachta saorga (AI) don Ghaeilge chun a cinntiú go mbeidh an Ghaeilge lárnach agus ag feidhmiú sa ré nua theicneolaíochta atá romhainn amach. Tá infheistíocht leanúnach á déanamh i bpunann maoine na heagraíochta le hos cionn €18m caite ar oibreacha riachtanacha agus forbartha ar mhaoin an Údaráis. Ina measc, tograí ar scála ar nós uasghrádú Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair agus Ionad Pobail Mhaigh Cuilinn agus Campas Íosagáin.

Rinneadh obair mhór dhearaidh agus phleanála ar thograí i rith 2025, ina measc Ionad Fiontraíochta na nDéise, Ionad Oideachais agus Óige Indreabháin, Ionad Nua na Mara i gCarna agus fógraíodh infheistíocht €4m in ionaid cuairteoirí ar Oileáin Árainn agus ar Chléire. Bronnadh stádas UNESCO Global Geopark ar Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair, an chéad cheann in Éirinn a bhfuil limistéar Gaeltachta ann.

Beidh súil le cuairteoirí an domhain mhóir ag na hionaid sin agus cuirfidh sin go mór le tairiscint turasóireachta na Gaeltachta tráth a bhfuil an Ghaeilge go mór i mbéal an phobail sa bhaile agus thar lear. Tá tábhacht ar leith leis an earnáil léiriúcháin sa chomhthéacs sin mar go dtarraingíonn siad tuilleadh aird ar an nGaeltacht. Cruthaíodh 460 post (100 lánaimseartha, 360 páirtaimseartha) san earnáil sin le linn 2025 nach bhfuil san áireamh sna figiúirí fostaíochta de bharr ar chúiseanna staitistiúil. Is fiú €4m an earnáil seo do na ceantair Ghaeltachta i mbliana, agus is í an earnáil is mó í ina n-úsáidtear an Ghaeilge mar theanga oibre de réir thaighde an Údaráis.

Neartaíodh ceangail le diaspóra na Gaeltachta trí Siar agus Aniar (Nova Scotia), Golden Bridges (Bostún), agus cuairteanna ó Choláistí Virginia, Florida agus Minnesota. Síníodh comhpháirtíocht stairiúil le Iomairt na Gàidhealtachd 's nan Eilean in Albain – pobail Cheilteacha ag teacht le chéile.

Ba mhaith liom go sonrach mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann Údarás na Gaeltachta. Is pribhléid dom é a bheith ar dhuine d'fhoireann atá tiomanta don Ghaeilge, ag obair ar cheann na nuálaíochta, agus atá neadaithe i gcónaí sna pobail Ghaeltachta a mbíonn siad ag freastal orthu. Rinneadh ceiliúradh ar na pobail sin don tríú bliain as a chéile ag Gradaim na Gaeltachta i mí na Samhna, áit ar bronnadh Gradam Uí Aoláin den chéad uair.

Tá mé fíorbhuíoch do thacaíocht Bhord Údarás na Gaeltachta agus do thiomantas agus dúthracht Chathaoirleach an Bhoird, Siobhán Ní Ghadhra. Tá plé agus comhoibriú leanúnach ar bun leis an Dr Aodhán Mac Cormaic agus comhghleacaithe i Roinn na Gaeltachta a dhéanann maoiniú ar obair na h-eagraíochta seo agus go leor eile sa Ghaeltacht.

Ba thitim shuntasach ar dhaonra na Gaeltachta agus ganntan fostaíochta na cúiseanna ba mhó le bunú Údarás na Gaeltachta breis agus 45 bliain ó shin. Tá breis agus 106,000 duine ag cur fúthu sa Ghaeltacht anois agus ag deireadh 2025, bhí 214 post le líonadh ag comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht ón Údarás. Tá dúshláin romhainn amach, mar aon le haon cheantar tearcfhorbartha, ach céad bliain ar aghaidh ó Choimisiún na Gaeltachta 1926, tá líon na gcainteoirí Gaeilge seasmhach sa Ghaeltacht agus ag fás go náisiúnta.

Is le teann dóchais agus mórtais mar sin, a bheidh an chéad straitéis cúig bliana eile á foilsiú i mbliana, agus beidh foireann Údarás na Gaeltachta ag tabhairt aghaidh go fonnmhar ar na dúshláin agus na deiseanna sin agus leathchéad bliain na heagraíochta romhainn amach ag deireadh na tréimhse sin.




Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Itziar Aldabe, HiTZ, An tOllamh William Lamb, Ollscoil Dún Éideann agus Ruairí Ó Néill, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Údarás na Gaeltachta ag comhdháil 'Ár dTeanga, Ár dTodhchaí' in Údarás na Gaeltachta, Bealtaine 2025.




Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, agus an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary TD.

# Tacaíonn Tesco le táirgeoir oighir i gConamara infheistíocht de €750,000 a dhéanamh



Cuireann Tesco Ireland tús le comhpháirtíocht áitiúil i 2025.

# Fiontraíocht & Fostaíocht

## Fostaíocht de réir contae

**Gaeltacht Dhún na nGall** ↑2%

Fostaíocht Iomlán: **2,690**

Poist Nua: **218**

**Gaeltacht Mhaigh Eo** ↑1%

Fostaíocht Iomlán: **1,058**

Poist Nua: **73**

**Gaeltacht na Mí** ↑3%

Fostaíocht Iomlán: **262**

Poist Nua: **15**

**Gaeltacht na Gaillimhe** ↓1%

Fostaíocht Iomlán: **3,724**

Poist Nua: **234**

**Gaeltacht Phort Láirge** ↑1%

Fostaíocht Iomlán: **278**

Poist Nua: **15**

**Gaeltacht Chiarraí** ↓2%


Fostaíocht Iomlán: **911**

Poist Nua: **63**

**Gaeltacht Chorcaí** ↓3%


Fostaíocht Iomlán: **793**

Poist Nua: **63**




# 9716 duine a bhí fostaithe i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2025.

**Staitisticí Fostaíochta Mionsonraithe de réir Contae:**



## Folúntais Poist ag 31/10/2025





## An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF)

Cuireann an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) tacaíocht ar fáil d'fhiontair theicneolaíocht-bhunaithe atá ag cruthú táirgí, próiseas nó seirbhísí nuálacha a athróidh tionscail agus a chruthóidh margaí nua. Féachann an ciste le comhoibriú a spreagadh idir gnólachtaí agus institiúidí taighde, ag díriú ar theicneolaíochtaí bunathraitheacha. Fógraíodh Glaoch 7 ag deireadh 2024 agus fógraíodh torthaí an ghlao le linn 2025. Ceadaíodh ciste €159m ar fud na tíre, agus bhain cliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta maoiniú tionscadail ar fiú €38.1m é amach – féach an tábla thíos:


| Ainm an Chliant | Ainm an Tionscadail | An Ghaeltacht | Luach an DTIF |
|---|---|---|---|
| Lift BioScience & Páirtnéirí | N-Lift | Gaillimh | €11.9m |
| Fortis Medical & Páirtnéirí | CueStim-Stroke | Gaillimh | €2.1m |
| FeelTect & Páirtnéirí | HealAsystant | Gaillimh | €6.3m |
| Invermed & Páirtnéirí | SmartMobility CNM | Gaillimh | €3.3m |
| ÉireComposites & Páirtnéirí | LIFT | Gaillimh | €3.8m |
| Déantúsaíocht Sláinte HiTech & Páirtnéirí | Can-VAS Cell Therapy Platform | Gaillimh | €10.7m |
| **Iomlán Ghlaoch 7** | | | **€38.1m** |



## Fostaíocht de réir Earnála 2025




## Athrú ar líon post de réir earnála



## Fás Suntasach san Earnáil Léiriúcháin agus Cruthaithe – Tacaíocht Shéasúrach

Tháinig méadú mór ar líon na bhfostaithe san earnáil léiriúcháin agus cruthaithe i rith 2025, ag léiriú ról lárnach an Údaráis i bhforbairt an gheilleagair chruthaithigh sa Ghaeltacht.

Thacaigh an tÚdarás le Keeper Pictures Ltd. a bhí i mbun na sraithe teilifíse nua The Yank a léiriú faoi cheadúnas 6 mhí i bPáirc Ghnó na Tulaí i mBaile na hAbhann. Is sraith dhrámaíochta úrnua í seo a fuair tacaíocht ó RTÉ, ITV Studios, Fís Éireann agus an Ciste Fuaim & Fís (BAI).

Thacaigh an tÚdarás le léiriú na chéad sraithe drámaíochta Crá ón gteic agus áis eile ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Fíbín Media agus Fíbín Films NI Ltd a léirigh Crá do TG4 agus do BBC Gaeilge le cabhair airgid ó Fhís Éireann, ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann, ó Choimisiún na Meán agus ó na dáilitheoirí About Premium Content (APC). Cuirfear tús leis an léiriú ar Shraith 2 in Earrach 2026. Tacaíonn léiriúcháin mar seo le caiteachas díreach agus indíreach sa cheantar mar aon le forbairt scileanna agus tallainne.

## Tionchar Chliantchomhlachtaí an Údaráis ar an nGeilleagar

*[Is iad seo torthaí na taighde don bhliain 2024 a fhoilsítear ag tús 2026. Is taighde bliantúil caighdeánach é ABSEI a dhéantar i bpáirt leis na heagraíochtaí forbartha stáit ar fad faoi choimirce na Roinne Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta.]*

De réir thaighde ABSEI ar chliantchomhlachtaí an Údaráis a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe iontu, meastar gurbh fhiú €1.5m díolacháin iomlána chliantchomhlachtaí an Údaráis in 2024. B'ionann an caiteachas díreach i ngeilleagar na hÉireann in 2024 ar phárolla, ar sheirbhísí agus ar cheannach ábhar ag €570m. €244m a caitheadh ar phárolla agus caitheadh €114m, nó 77% den chaiteachas iomlán, ar sheirbhísí lonnaithe in Éirinn. Easpórtáil a bhí i gceist le €697m, nó 60% den díolachán iomlán. Maidir le heaspórtáil, chuaigh 29% (€199m) den iomlán a easpórtáladh chuig an AE. Bhí 26% d'earraí á n-easpórtáil go Meiriceá Thuaidh agus 6% chuig an Áise. Is margadh suntasach fós é an Ríocht Aontaithe do chomhlachtaí Gaeltachta ar fiú €209m, nó 30% den iomlán é.

**€1.5m**

Meastar go raibh díolachán iomlán €1.5m déanta in 2024 ag cliantchomhlachtaí an Údaráis

**60%**

Easpórtáil a bhí i gceist le €697m nó 60% den díolachán iomlán.

## gteic

Tá gteiceanna nua á bhforbairt i mBaile Bhuirne (gteic@Íosagán), i mBaile na Finne (gteic@Baile na Finne) agus ar Thoraigh (gteic@ Toraigh), agus táthar ag súil go mbeidh siad ar oscailt sa chéad ráithe de 2026. Tá 867 spás oibre ar fáil iontu agus tá 436 duine fostaithe sa ghréasán iomlán.



gteic@An Spidéal

**29**

gteic ar oscailt faoi láthair

**867**

Spás oibre ar fáil

**436**

Fostaithe sa ghréasán iomlán

### Buaicphointí 2025

#### Forbairt an Ghréasáin

- Ceapadh ceannasaí nua ar an ngréasán agus beidh foireann bhreise le hearcú in 2026.
- Reáchtáladh ócáidí gnó, líonraithe agus oiliúna, lena n-áirítear cúrsaí podchraoltóireachta, Canva agus san Intleacht Shaorga.
- Beidh maoiniú á chur ar fáil do thograí digiteacha agus glasa do gteic@Gaoth Dobhair, gteic@An Tearmann agus gteic@Carraig Airt a ceadaíodh mar chuid den togra PeacePlus in 2025. Beidh iniúchtaí digiteacha agus glasa á ndéanamh ar na gteiceanna seo agus infheistíocht á déanamh i dtrealamh agus uirlisí digiteacha agus glasa, ag éirí ó thorthaí na n-iniúchtaí seo.

#### Imeachtaí Tionscail

- D'óstáil gteic@Gaoth Dobhair comhdháil dhomhanda díolacháin ProAmpac le hionadaithe ó Mheiriceá agus ón Eoraip.
- D'fhreastail 20 micreafhiontar ar ócáid Makerthon i gteic@Béal an Mhuirthead i bpáirt le OTA agus FabLab Cluainín Uí Ruairc.

### Forbairtí Réigiúnacha

**gteic@Béal an Mhuirthead:** Ceadaíodh deontas €40,000 ó shruth maoinithe Smart Regions chun Cás Gnó a fhorbairt chun an t-ionad a mhéadú.

**gteic@Corca Dhuibhne:** Ceadaíodh soláthar caipitil €785,000 chun aonad breise a chur in oiriúint. Táthar ag súil tús a chur leis an aonad roimh lár na chéad ráithe in 2026.

**gteic@Uíbh Ráthach:** Osclaíodh é don phobal. Roghnaíodh é le bheith páirteach i scéim nua 'The Engagement Lab'. Tháinig fás leanúnach ar líon na n-úsáideoirí.

Corca Dhuibhne, Ciarraí



# An Phleanáil Teanga

## An Próiseas Pleanála Teanga

Le linn na bliana, lean ceanneagraíochtaí pleanála teanga ag cur cláir gníomhaíochtaí i bhfeidhm bunaithe ar an bhfís agus na spriocanna atá leagtha amach sna pleananna teanga. Thug an tÚdarás faoi phróiseas chomhairliúcháin ag tús na bliana leis na ceanneagraíochtaí pleanála teanga, leis na hOifigigh Pleanála Teanga agus le hionadaithe na gcoistí comhairleach agus muid airdeallach go mbeadh deireadh ag teacht le chéad timthriall agus tréimhse feidhmiúcháin seacht mbliana na bpleananna teanga i gcás 9 LPT le linn 2025. Ceapadh comhlacht neamhspleách chun comhairliúchán a dhéanamh leis na leis páirtithe leasmhara go léir agus chun aiseolas, taithí agus tuairimí a fhiosrú.

Chuir an tÚdarás aiseolas ón gcomhairliúchán, dréachtábhar tacaíochta agus moltaí faoi bhráid an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta le breithniú. Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta atá freagrach as an bpróiseas a fheidhmiú.

I mí na Samhna, thug an Roinn le fios go mbeadh pleananna a bhí imithe in éag faoi dheireadh 2025 bailí go deireadh 2027, chun deis a thabhairt an próiseas a leasú. Fáiltíonn an tÚdarás roimh an gcinneadh seo mar go dtabharfaidh sé deis leasuithe agus cuir chuige a chur i bhfeidhm a thacóidh leis an bpróiseas trí chéile. Deimhnítear leis go leanfar le maoiniú chláir oibre an phróisis pleanála teanga sna LPT agus BSG, céim a thacaíonn le seasmhacht na bpost sa réimse sin agus a thugann aitheantas don obair mhór atá ar siúl ag na ceanneagraíochtaí sna LPT agus BSG.

Cuireann an tÚdarás fáilte roimh fhoilsiú an athbhreithnithe ar na deich LPT agus ar an bpróiseas pleanála teanga trí chéile. Léirítear ann tiomantas agus dúthracht na bpobal Gaeltachta as an obair eiseamláireach atá ar siúl acu. Tacaíonn na moltaí atá déanta ann leis an Údarás agus é ag iarraidh an obair sa réimse seo a neartú i gcomhar leis na ceanneagraíochtaí, na hoifigigh pleanála teanga agus páirtithe leasmhara eile. Áireofar moltaí ón tuairisc athbhreithnithe i gclár oibre na heagraíochta le linn 2026, díreofar ar chláir chumasaithe agus oiliúna a sheachadadh agus tabharfar faoi thograí taighde chun tionchar agus éifeachtacht tograí sna LPT agus BSG a mheas.

**28**

28 plean teanga á bhfeidhmiú i (26 Limistéar Pleanála Teanga & 2 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta

**€3.9m**

€3.9m ceadaithe d'fheidhmiú na bpleananna

**33**

33 Oifigeach Pleanála Teanga fostaithe ag 29 ceanneagraíocht

Obair idir lámha ag coiste áitiúil chun plean teanga a ullmhú do BSG Bhéal an Mhuirthead

Moltaí agus aiseolas curtha ag an Údarás chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (RFTPG) i dtaca leis an Dara Timthriall

Tús curtha le Scéim Forbartha Gaeilge i gCliantchomhlachtaí ina bhfuil líon ard fostaíochta

## Scéim Forbartha Gaeilge i gCliantchomhlachtaí

Cuireadh tús le Scéim Forbartha Gaeilge i gCliantchomhlachtaí ina bhfuil 20 duine nó níos mó fostaithe. Faoi dheireadh 2025, bhí 15 comhlacht cláraithe don scéim, ina bhfuil 1,139 fostaí san iomlán (de réir fhigiúirí fostaíochta 2024). Tá obair ar siúl faoi láthair chun cúig chomhlacht breise a earcú roimh dheireadh mhí Eanáir 2026.

## Seirbhísí Luathbhlianta

Is comhlacht neamhspleách é Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) a fhaigheann maoiniú ó Údarás na Gaeltachta chun seirbhísí luathbhlianta trí Ghaeilge a sholáthar. Cuireann CNNG seirbhís bainistíochta agus riaracháin ar fáil do naíonraí, naíolanna, clubanna bricfeasta agus seirbhísí iarscoile. Tá 264 duine fostaithe: 249 sna seirbhísí luathbhlianta agus 15 sa chomhlacht féin. Le linn scoilbhliain 2025/2026, tá 2,050 páiste ag freastal ar 135 seirbhís faoi scáth CNNG, le 5-6 seirbhís bhreise beartaithe ag brath ar chlárú Tusla.

Tonn Nua, Béal an Mhuirthead





# Turasóireacht

## Gréasán Ionad Cuairteoirí

Cuireadh tús leis an obair ar dhá thogra caipitil pobail le hinfheistíocht €4m, á maoiniú i gcomhréir le Fáilte Ireland. Cuireadh iarratais ar chead pleanála faoi bhráid na n-údarás áitiúil ag deireadh 2025, agus tá pleananna agus dearaí aontaithe anois d'ionaid ar Oileáin Árainn agus ar Chléire.

Tá an obair thógála ar bun ar an síneadh atá á chur le hIonad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna. Beidh Ionad Cuairteoirí úrnua i gCarna beagnach críochnaithe agus beidh sé á oscailt in Earrach 2026. Inseoidh sé scéal na ndaoine a d'fhág an réigiún san am atá caite ag lorg saoil níos fearr.

## Oifigigh Turasóireachta

Tá Scéim Forbartha Turasóireachta bunaithe ag Údarás na Gaeltachta a tháinig chun cinn as clár píolótach cúig bliana ó 2018-2023. Tugtar aghaidh leis an scéim ar bhearnaí criticiúla i seirbhísí turasóireachta i gceantair iargúlta Ghaeltachta trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do phoist oifigeach turasóireachta agus do chláir forbartha gairmiúla.

Ceadaíodh deontais do 16 thogra pobail chun oifigigh thurasóireachta a earcú ar infheistíocht iomlán €600,000. Beidh na hoifigigh ag forbairt eispéiris do chuairteoirí, ag déanamh margaíochta ar an gceantar, ag bainistiú ionad cuairteoirí agus ag cur turasóireacht inbhuanaithe chun cinn. Cuireadh tús le clár oiliúna do na hoifigigh i mí na Samhna 2025, a chinnteoidh go mbeidh na scileanna agus an t-eolas cuí acu dá gcuid oibre.

I measc na dtionscadal a fuair maoiniú tá:

- An Bealach Gorm, Árainn Mhór
- Ionad Cois Locha, Dún Lúiche
- Sliabh Liag
- Muileann Coirce Leitir CTR
- Teach Solais Fhánada
- Solas, An Eachléim
- Ionad Cuairteoirí Árann
- Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Carna
- Ionad na Feamainne, Leitir Mealláin
- Comhlacht Forbartha an Spidéil
- Geophäirc Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair
- Cósta Gaelach Chonamara agus Árann
- Molteic an Daingin
- Forbairt na Dromoda Teo.
- Ionad Cuairteoirí Oileán Chléire
- Comharchumann Forbartha Mhúscraí



### Geopháirc Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair

Fuarthas dea-scéala i bhFómhair 2025 nuair a dheimhníodh, ag cruinniú de Chomhairle Gheopháirceanna Domhanda UNESCO in Temuco, an tSile, go raibh ainmniúchán UNESCO le bronnadh ar Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair in 2026. Beidh an pháirc seo ar an gcéad Gheopháirc Dhomhanda in Éirinn a chuimsíonn limistéar Gaeltachta. Is toradh é an stádas seo ar bhlianta fada oibre na bpobal áitiúil agus fhoireann na Geopháirce le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta, Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, Comhairlí Contae Mhaigh Eo agus na Gaillimhe agus comhpháirtithe eile. Bronnfar an stádas go hoifigiúil le linn 2026.



# Forbairt Tithíochta sa Ghaeltacht

Tá an tÚdarás ag obair go dlúth le Roinn na Gaeltachta ó dheireadh 2023 i leith, chomh maith leis na húdaráis áitiúla agus an Roinn Tithíochta chun cur leis an sólathar tithíochta i gceantair Ghaeltachta.

Tugadh aitheantas do riachtanais na Gaeltachta den chéad uair i bPlean Tithíochta an Rialtais do 2025, rud a neartaíonn arís obair reatha an Údaráis.

Ceapadh Comhairleoir Tithíochta chun trí phríomhréimse oibre a chur chun cinn:

- **Athbhreithniú ar Acmhainní Talún:** Tá athbhreithniú cuimsitheach á dhéanamh ar phunann talún an Údaráis (beagnach 1,000 heicteár) chun na suíomhanna is oiriúnaí a aithint le haghaidh tithíochta do chainteoirí Gaeilge.

- **Comhoibriú le hÚdaráis Áitiúla:** Tá comhordú leanúnach ar bun le húdaráis áitiúla a bhfuil ceantair Ghaeltachta faoina gcúram.

- **Tacaíocht do Thionscadail Phobalbhunaithe:** Cuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairtí tithíochta faoi stiúir an phobail trí na hEagraíochtaí Forbartha Pobail.

Chuir an tÚdarás €274,500 ar fáil chun tacú le Tithíocht Teangabhunaithe i mBaile an Fheirtéaraigh.

Chuir an tÚdarás maoiniú ar fáil do Chomhairle Contae Mhaigh Eo chun Comhordaitheoir Tithe Folmha sa Ghaeltacht a fhostú. Oibreoidh an comhordaitheoir seo le ceantair Ghaeltachta ar fud na tíre chun tithe folmha a chur ar ais in úsáid.

**€274,500**

Chuir an tÚdarás €274,500 ar fáil chun tacú le Tithíocht Teangabhunaithe i mBaile an Fheirtéaraigh.



Rinne Údarás na Gaeltachta infheistíocht de **€1.4 mhilliún** in oiliúint agus i bhforbairt scileanna in 2025 ar fud réimse leathan gairmeacha.



# Oiliúint

Rinne Údarás na Gaeltachta infheistíocht €1.4m in oiliúint agus i bhforbairt scileanna in 2025 ar fud réimse leathan gairmeacha.

## GAIRM


Lean an chéad chohórt faoi scéim GAIRM lena dtréimhse dhá bhliain in 2025. Tá siad ag tabhairt faoi thaithí oibre ghairmiúil agus i mbun staidéar acadúil, agus iad ag dul i dtreo a gconarthaí a thabhairt chun críche in 2026. Den dara huair, tá Údarás na Gaeltachta ag cur deiseanna ar fáil do chéimithe tabhairt faoi chonradh oiliúna dhá bhliain agus Dioplóma Iarchéime (leibhéal 9) ó Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh a bhaint amach. Faigheann na hiarrthóirí a n-éiríonn leo taithí ghairmiúil i rannóga éagsúla Údarás na Gaeltachta le linn thréimhse dhá bhliain an chonartha oiliúna. Tá rogha ag na rannpháirtithe a bheith lonnaithe in aon cheann d'oifigí réigiúnacha an Údaráis.

## CUMASÚ — Clár Fiontraíochta do Bhanfhiontraithe Gaeltachta

Seoladh an clár CUMASÚ in 2024 chun tacú le suas le 150 banfhiontraí Gaeltachta thar thrí bliana. Bhí 40 rannpháirtí gníomhach sa chlár in 2025: 28 i gCumasú TÚS agus 12 i gCumasú FÁS. Is comhoibriú straitéiseach é seo idir Moil Nuálaíochta Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Ionad Rubicon Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Díríonn CUMASÚ TÚS ar scileanna bunúsacha gnó agus ar fhorbairt féinmhuiníne, agus díríonn CUMASÚ FÁS ar cheannasaíocht, díolacháin agus scálú gnó.

←
Doireann Nic an tSaoi, Regan Ó Coisdealbha, Karina Ní Rabhartaigh agus Órla Nic Suibhne, oiliúnaithe ar an scéim GAIRM.

**40 rannpháirtí gníomhach in 2025**




**150**

Seoladh an clár CUMASÚ in 2024 chun tacú le suas le 150 banfhiontraí Gaeltachta thar thrí bliana.

# Tá 72 rannpháirtí ar Scéim na bPrintíseach faoi láthair, ag fáil oiliúna i réimsí leathan ceirde.

## Scéim na bPrintíseach

Chláraigh 72 rannpháirtí ar Scéim na bPrintíseach in 2025, ag fáil oiliúna i réimsí leathan ceirde. Fás 40 ó 2024. Fógraíodh dhá ghlaoch phoiblí in 2025 — san Earrach d'iarrthóirí a raibh an dara leibhéal críochnaithe acu agus sa Samhradh dóibh siúd a fuair torthaí Ardteiste. Léiríonn an leibhéal ard rannpháirtíochta an t-éileamh mór atá ar an scéim.

## Scéim na mBainisteoirí faoi Oiliúint agus Scéim na gCéimithe san Earnáil Forbartha Pobail

Fógraíodh an dá scéim seo i mí Bealtaine 2025, chun deiseanna fostaíochta agus forbartha gairmiúla a chur ar fáil san earnáil forbartha pobail agus sna fiontair shóisialta. Dearadh na scéimeanna chun daoine ón nGaeltacht a chumasú, tograí straitéiseacha a fhorbairt dá gceantair féin, agus taithí agus cáilíochtaí tríú leibhéal a bhaint amach ag obair le hEagrais Forbartha Pobail Ghaeltachta. Fuair cúig eagras tairiscint faoi Scéim na gCéimithe agus ocht n-eagras faoi Scéim na mBainisteoirí faoi Oiliúint. Earcófar rannpháirtithe in 2026.




Scoláirí i mbun taifid in Nemeton

## An tArd-Dioplóma i Léiriú Teilifíse

Leanadh leis an tacaíocht don Ard-Dioplóma i Léiriú Teilifíse sa Rinn, arna sholáthar ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) agus Nemeton TV. Is cúrsa iarchéime ocht mí é ina bhfuil meascán de cheardlanna praiticiúla agus ranganna ar líne, ag clúdach gach gné den léiriú teilifíse. Tá 11 duine cláraithe do bhliain acadúil 2025-2026. Baineann céatadán ard de na mic léinn (suas le 80% roinnt blianta) fostaíocht amach sa tionscal tar éis dóibh an cúrsa a chríochnú.

## An tArd-Dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán

Tá an clár seo á reáchtáil i gcomhar le Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Europus do dhaoine ar mian leo cáilíocht a bhaint amach san aistriúchán. Tá an cúrsa déanta ag 280+ mac léinn agus tá fostaíocht bainte amach acu sa Bhruiséil, le Europus féin agus le comhlachtaí aistriúcháin eile.

## An Scéim Taithí Oibre agus Oiliúna

Reáchtáladh an scéim Taithí Oibre agus Oiliúna arís in 2025 i gcomhar le TG4. Is scéim í seo atá dírithe ar thacú le Comhlachtaí Gaeltachta agus Gaeilge daoine cumasacha nua a chothú agus taithí oibre phraiticiúil a chur ar fáil do dhaoine atá ag tosú san earnáil closamhairc agus sna meáin dhigiteacha Ghaeilge. Tá tacaíocht tugtha do chomhlachtaí agus gnóthaí faoin scéim seo atá ag feidhmiú san earnáil seo chun daoine a fhostú thar tréimhse dhá bliana. Cuireadh an ceathrú bliain den Scéim i gcrích i mBealtaine 2025. Ghlac suas le 21 comhlacht páirt inti agus fuair 60 duine taithí oibre leis na comhlachtaí sin. Tá gnéithe oiliúna ceangailte leis an scéim freisin tríd an clár ceardlainne atá faoi stiúir Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i nGaillimh, a thugann creidiúint (leibhéal 8) i gCleachtas na Meán do na hoiliúnaithe.

Ina theannta sin, tá ocht gcinn de mhionsraitheanna cruthaithe ag stiúrthóirí faoi mheantóireacht tríd an scéim Glúin Nua. Mar chuid den scéim seo cuirtear tacaíocht ar fáil do chomhlachtaí léiriúcháin a bhíonn ag léiriú ábhar digiteach lena chur ar a gcumas scileanna agus daoine cumasacha a fhorbairt don earnáil closamhairc agus na meán digiteach Gaeilge.

## Clár Intéirneachta RTÉ/Raidió na Gaeltachta

Chuir Údarás na Gaeltachta tacaíocht deontais ar fáil do RTÉ/Raidió na Gaeltachta dá gclár intéirneachta agus oiliúna 2025. Faigheann na hintéirnigh taithí ar raon leathan oibre laistigh de RTÉ, ag tosú i nDomhnach Broc agus ansin ag bogadh go dtí oifigí Raidió na Gaeltachta agus Nuacht RTÉ i gCasla, i mBaile na hAbhann agus sna Doirí Beaga. Cuimsíonn an traenáil scileanna gairmiúla éagsúla ar nós iriseoireacht, podchraoltóireacht, eagarthóireacht, láithreoireacht, taighde agus scileanna teicniúla.

## Infheistíocht €1.2m in earnáil na meán Gaeilge

Seoladh comhpháirtíocht straitéiseach nua idir TG4 agus Údarás na Gaeltachta in 2025, comhpháirtíocht a mbeidh infheistíocht shubstaintiúil ar fiú os cionn €1.2m in aghaidh na bliana inti go dtí deireadh 2028. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh oiliúint a chur ar dhaoine in earnáil na léiriúchán neamhspleách agus an earnáil sin a fhorbairt.

Cuirfear cláir forbartha agus oiliúna straitéisí ar fáil dóibh siúd atá ag iarraidh a ngairm sna meáin a fhorbairt agus do chomhlachtaí atá ag cur ábhar cruthaitheach ar fáil. Cuirfidh an togra le scileanna, cáilíochtaí agus le cumas iomaíochta na gcomhlachtaí. Ceapfar Bainisteoir Cláir chun an togra agus na cláir oiliúna agus forbartha a riar i gcomhar le lucht bainistíocht sa dá eagraíocht.



Infheistíocht €1.2m in aghaidh na bliana le déanamh in earnáil léiriúcháin teilifíse, scannáin agus meáin na Gaeilge. Siobhán Ní Ghadhra (Cathaoirleach Bord Údarás na Gaeltachta), Tomás Ó Síocháin (Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta), Anna Ní Ghallachóir (Cathaoirleach Bord TG4), Deirdre Ní Choistín (Ard-Stiúrthóir TG4).


And would she use humour to get her point across indirectly?
Saorview
A Beo 1
A Beo 2
B Beo 1
B Beo 2
TG4 ORT A
TG4 ORT B
TG4 TX C/O
HD TX
C4 ORT A
C4 TX
TG4 +1
CAR-PRS6
STREAM 1
ST3 ORT
SAT 1




Timmy Dooley TD, Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, le Siobhán Ní Ghadhra, Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta, agus Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, ag freastal ar Mná na Mara i mí Feabhra 2025.

# An Earnáil Forbartha Pobail

Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil na heagrais forbartha pobail ríthábhachtach i dtaobh chumas an Údaráis a chuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach i gcomhar leis na pobail Ghaeltachta.

## Na hEagrais Forbartha Pobail

Oibríonn Aonad Forbartha Pobail an Údaráis le 33 eagraíocht forbartha pobail ar fud na Gaeltachta. Cuireadh soláthar iomlán €7.38m ar fáil faoin gCiste Forbartha Pobail, Forbartha Teanga & Eagraíochtaí Forbartha Pobail in 2025.

Tá réimse leathan de ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh forbartha idir lámha ag na heagrais, ó infreastruchtúr sóisialta ar nós áiseanna cúram leanaí, páirceanna spraoi agus ionaid lae, go dtí tionscnaimh fuinneamh in-athnuaite a thacaíonn le spriocanna An Ghaeltacht Ghlas.

Tá 22 eagras freagrach as pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú, agus 18 eagras ag forbairt nó ag bainistiú aonaid gteic a thugann deiseanna cianoibre do phobal na Gaeltachta.

Tá 92 duine fostaithe ar bhunús lánaimseartha, 114 páirtaimseartha agus 110 go séasúrach ag na heagrais forbartha.

**€7.38m**

Cuireadh soláthar iomlán de €7.38m ar fáil faoin gCiste Forbartha Pobail, Forbartha Teanga & Eagraíochtaí Forbartha Pobail in 2025

## Fás ar Fhiontair Shóisialta sa Ghaeltacht

Léiríonn taighde nua ó Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste, a rinneadh thar ceann Údarás na Gaeltachta, go bhfuil earnáil na bhfiontar shóisialta ina bunchloch láidir don gheilleagar sa Ghaeltacht.

De réir na hanailíse a foilsíodh i mí na Nollag 2025, tá tionchar eacnamaíoch suntasach ag fiontair shóisialta ar phobail na Gaeltachta. Cuireann siad €21.53m sa bhliain leis an ngeilleagar áitiúil agus tacaíonn siad le 585 post lánaimseartha. Íoctar €15.96m i bpá in aghaidh na bliana, agus gineann na fiontair ioncam €14.72m. Tá siad ag feidhmiú go brabúsach freisin, le brabúis €4.75m agus sócmhainní ar fiú €53.3m iad.

Tá Straitéis Forbartha Fiontar Sóisialta á feidhmiú ag an Údarás chun an earnáil seo a neartú tuilleadh, go háirithe i réimsí na tacaíochta teicniúla agus forbartha cumais.

**€21.5m**

Cuireann fhiontar shóisialta €21.5m sa bhliain leis an ngeilleagar áitiúil

**585**

Tacaíonn fhiontar shóisialta le 585 post lánaimseartha

## Tograí Fiontraíocht Shóisialta

Chuir Aonad Forbartha Pobail maoiniú €119,000 ar fáil do 11 fiontar sóisialta in 2025 chun tograí a fhorbairt a chuirfidh le fostaíocht, le seirbhísí pobail agus le sruth ioncaim eagrais forbartha pobail.

## An Scéim Fiontar Pobail

Tugadh tacaíocht do 50 coiste agus eagraíocht dheonach tríd an Scéim Fiontar Pobail chun tograí pobal-bhunaithe a fhorbairt i limistéir éagsúla ar fud na Gaeltachta.




Buaiteoirí Gradam Phádraig Uí Aoláin, Coiste Forbartha Éadan Fhionn Fraoich, Dún na nGall, ag ócáid Gradaim na Gaeltachta




Étáin agus Máire Ní Churraoin, An Chéad Ghlúin Eile, ag ceol ag Gradaim na Gaeltachta 2025

> Reáchtálann an tÚdarás an comórtas bliantúil seo chun aird a tharraingt ar an obair thábhachtach atá á déanamh ag eagraíochtaí forbartha pobail sa nGaeltacht agus le haitheantas a thabhairt do thionscnaimh fiúntacha ar fud na gceantar Gaeltachta.

## Gradaim na Gaeltachta

Rinne Údarás na Gaeltachta ceiliúradh ar ghaiscí phobail na Gaeltachta ag Gradaim na Gaeltachta 2025 in Óstán Chois Fharraige i mí na Samhna. Reáchtálann an tÚdarás an comórtas bliantúil seo chun aird a tharraingt ar an obair thábhachtach atá á déanamh ag eagraíochtaí forbartha pobail sa nGaeltacht agus le haitheantas a thabhairt do thionscnaimh fhiúntacha ar fud na gceantar Gaeltachta.

Fuarthas 81 iarratas sa bhliain 2025, rud a léirigh beogacht agus tiomantas phobail na Gaeltachta. Bronnadh duaiseanna i sé chatagóir d'eagraíochtaí pobal-bhunaithe, chomh maith le catagóir speisialta do choistí pobail agus deonacha. Bronnadh príomhghradam na hoíche, Gradam Phádraig Uí Aoláin, ar Choiste Forbartha Éadan Fhionn Fraoich. Léirigh na hiarratais ar fad an dúthracht agus an tiomantas atá ag pobal na Gaeltachta chun a bpobail áitiúla a fheabhsú agus a neartú, agus chuir Gradaim na Gaeltachta deis ar fáil an obair dhochreidte seo a cheiliúradh agus a aithint go poiblí.

### Buaiteoirí Ghradaim na Gaeltachta 2025:

- **Togra Turasóireachta** Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla CTR
- **Togra Óige** Céim Aniar CTR
- **Togra Gaeltacht Glas** Athchúrsáil Árann
- **Togra Seirbhísí Sóisialta** Comhairle Ceantar na nOileán Teo
- **Togra Cultúir, Ealaíne & Oidhreachta** Comhar Fhánada agus Ghleann Bhairr CTR
- **Togra Fiontair Shóisialta** Forbairt na Dromoda Teo.
- **Gradam Phádraig Uí Aoláin agus Buaiteoir Réigiúin an Tuaiscirt** Coiste Forbartha Éadan Fhionn Fraoich
- **Buaiteoir Réigiúin an Iarthair** Coiste Forbartha Chorr na Móna
- **Buaiteoir Réigiúin an Deiscirt** Cumann Léirithe Bhéal Átha'n Ghaorthaidh



Scoláirí agus léachtóirí George Mason University i gcuideachta le Donnchadh Ó Baoill, Údarás na Gaeltachta, ag tabhairt cuairt ar an Chúrsa Fíodóireachta atá á reáchtáil i gCill Charthaigh, ag Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall

# Diaspóra na Gaeltachta

Bhí an ceangal le diaspóra na Gaeltachta ina phríomhghné i straitéis Údarás na Gaeltachta in 2025. Leanadh leis an obair líonraithe idirnáisiúnta a neartú, nasc cultúir a fhorbairt agus deiseanna eacnamaíocha a chruthú trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha ar fud na cruinne i mbliana.

## Ceanada

Leanadh leis an gclár malartaithe cultúir 'Siar agus Aniar' idir Gaeltacht Chonamara agus Nova Scotia, comhthogra idir Rialtas Nova Scotia, Údarás na Gaeltachta agus Comharchumann Mhic Dara. Chaith beirt as Conamara tréimhse ina n-ambasadóirí cultúir agus teanga i Nova Scotia mar chuid den chlár 'Siar agus Aniar'. Cuireadh tuilleadh leis an gceangal mar chuid den Laurentic Forum, áit a ndearna toscaireacht staidéar ar earnáil turasóireachta na dtithe solais i Newfoundland, agus ar tugadh faoi chomhdháil i dtaobh fhorbairt eacnamaíochta earnáil na mara i gCarna.

> Tá Údarás na Gaeltachta ag obair i gcomhar leis an Ionad Léann Éireannach in Ollscoil Naomh Thomáis i Minnesota, Consalacht na hÉireann i Chicago agus Gael Linn chun clár taighde a reáchtáil in 2026. Déanfaidh mic léinn taighde ar bhailiúchán Gaeilge atá san ollscoil agus foilseofar a gcuid oibre sa New Hibernia Review.

## Na Stáit Aontaithe

Lean Údarás na Gaeltachta ag cur leis an nasc idir an Ghaeltacht agus Bostún trí bheith rannpháirteach sa chomhdháil idirnáisiúnta Golden Bridges agus trí ghréasáin turasóireachta, chultúir agus ghnó a fhorbairt. Ag eascairt as Golden Bridges, tá an tÚdarás ag forbairt margaí do thogra beartaithe Ionad Domhanda na Gaeilge. Treisíodh an ceangal idir Gaeltacht Acla agus Cleveland Mheiriceá, agus bhí beirt scoláirí as Ollscoil John Carroll ag obair in Acaill ar feadh an tsamhraidh.

Bhí ról tábhachtach ag Údarás na Gaeltachta ag cur nasc cultúir agus eacnamaíocha chun idir Éirinn agus iarthar Massachusetts ag The Big E i Springfield. Bhí toscaireacht ghnó as Corca Dhuibhne i láthair ag an ócáid.

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair i gcomhar le hIonad an Léinn Éireannaigh in Ollscoil Naomh Thomáis i Minnesota, Consalacht na hÉireann i Chicago agus Gael Linn chun clár taighde a reáchtáil in 2026. Déanfaidh mic léinn taighde ar bhailiúchán Gaeilge atá san ollscoil agus foilseofar a gcuid oibre sa New Hibernia Review.

Thug Florida State University agus Old Dominion University, Virginia cuairt ar Ghaeltacht Dhún na nGall in 2025. Bhí an cuairt mar chuid de chlár staidéir thar lear a bhí eagraithe in éineacht le hIonad Naomh Pádraig, Dobhar. Le linn na cuairte, bhí deis ag na mic léinn eolas a fháil ar shaol an phobail sa Ghaeltacht agus ar an oidhreacht chultúir agus teanga. Cuireadh an clár léachtaí, na ranganna Gaeilge agus turais áitiúla ar fáil dóibh, chomh maith le hócáidí eile le bualadh le cainteoirí dúchais agus le grúpaí áitiúla. Is é seo an séú cuairt tugtha ag Old Dominion University agus an ceathrú cuairt ag Florida State University ar Ghaeltacht Dhún na nGall.

Tá ceangal leanúnach bunaithe ag Údarás na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta le George Mason University, Virginia, S.A.M. Thug léachtóirí agus daltaí cuairt ar Ghaeltacht Dhún na nGall den dara huair in 2025. Thug Ollscoil George Mason, Virginia, cuairt ar Chill Charthaigh, lárionad bríomhar teicstíle i nGaeltacht Dhún na nGall. D'eagraigh Údarás na Gaeltachta an chuairt chun léiriú a thabhairt ar an dóigh ar féidir le ceardaíocht thraidisiúnta na hÉireann gníomhú taobh le taobh le nuálaíocht nua-aimseartha. Tá súil acu ceangal agus socrúcháin mac léinn a eagrú dá gcuid daltaí sa Ghaeltacht mar ghné idirnáisiúnta dá gcúrsaí ealaíon chomh maith le hardán idirnáisiúnta a thabhairt don obair atá ar bun sna healaíona sa Ghaeltacht. Ar an ábhar sin, tá sé deimhnithe acu go mbeidh siad ag filleadh ar Ghaeltacht Dhún na nGall in 2027.



Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, agus an tAire Dara Calleary TD ag síniú meamram comhthuisceana idir Údarás na Gaeltachta agus Iomairt na Gàidhealtachd 's nan Eilean.

## Comhpháirtíocht sínithe chun borradh a chur faoi phobail Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann

Síníodh comhpháirtíocht nua chun borradh a chur faoi chomhoibriú ar fhás an gheilleagair, forbairt an phobail agus caomhnú an chultúir i limistéir Ghaeilge na hÉireann agus na hAlban. Os comhair an Leas-Chéad-Aire Kate Forbes in Albain a síníodh meabhrán tuisceana idir Iomairt na Gàidhealtachd 's nan Eilean (Fiontair na Gaeltachta agus na nOileán nó an HIE) agus Údarás na Gaeltachta, agus ag an am céanna le síniú an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary TD, agus Príomhfheidhmeannach an Údaráis, Tomás Ó Síocháin. Is é is aidhm don chomhaontú comhoibriú a neartú i bpríomhréimsí amhail intleacht shaorga, tithíocht, turasóireacht, forbairt teanga agus fuinneamh in-athnuaite chun tacú le fás leanúnach na Gàidhlig ar fud na hAlban.

Ghlac an tÚdarás páirt sa chomhdháil idirnáisiúnta Ceangal/Connect in Ollscoil Obar Dheathain i Meitheamh. Thug an fóram seo eagraíochtaí, lucht acadúil agus pobail ó Éirinn agus ón Albain le chéile chun cumhachtú na dteangacha Ceilteacha a phlé.

Lean Údarás na Gaeltachta ag neartú an cheangail idir thraidisiúin chultúir agus teicstíle na hÉireann agus na hAlban. Chuir an tÚdarás fáilte roimh thoscaireacht ó Údarás Harris Tweed agus Comhairle nan Eilean Siar chuig Gaeltacht Dhún na nGall. Chuir Údarás Harris Tweed a gcuid saineolais ar fáil chun cuidiú le teastasú ar chúrsa fíodóireachta i mBréidín Dhún na nGall agus chun stádas cosanta a bhaint amach do Bhréidín Dhún na nGall.



Údarás na Gaeltachta ag bualadh le comhaltaí Choiste Pharlaimint na Polainne ar Mhionlaigh Náisiúnta agus Eitneacha, Meán Fómhair 2025

## An Ghearmáin

Thug grúpa mac léinn ó Institiúid Shorbach i Cottbus cuairt eolais ar an Údarás i mí Aibreáin. Thug an tÚdarás cuireadh do Brandenburg University of Technology chuig Comhdháil Pleanála ar an Athneartú Teanga i mí Bealtaine chun saineolas na heagraíochta i leith na pleanála teanga a roinnt.

## Sasana

Mar chuid den chaidreamh le London Irish Business Society, bhí Údarás na Gaeltachta páirteach in eagrú chlár imeachtaí na bliana. Bhí príomhaí an chomhlachta éadach rothaíochta Velotec, mar aoi-chainteoir ag ócáid maidir le heaspórtáil as Éirinn go dtí an Bhreatain.



Mícheál Mac Giolla Easbuig (Ceannasaí Réigiún an Tuaiscirt, Údarás na Gaeltachta), Rónán Mac Con Iomaire (Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail & Pleanála Teanga, Údarás na Gaeltachta), Eithne Nic Lochlainn (Bainisteoir, Lárionad Acmhainní Teo.) agus Aodh Mac Suibhne (Feidhmeannach Forbartha Réigiún an Tuaiscirt, Údarás na Gaeltachta)



# Inbhuanaitheacht

Bhunaigh Údarás na Gaeltachta Rannóg Inbhuanaitheachta nua i mí Eanáir 2025. Thug an Rannóg faoi athbhreithniú ar dheiseanna tacaíochta do thograí na Gaeltachta Glaise agus molfar Clár Tacaíochta go luath in 2026.

## Fuinneamh an Údaráis

Tá infheistíocht á déanamh in uasghrádú ar fhoirgnimh an Údaráis chun caighdeán inbhuanaitheachta níos airde a bhaint amach. I dtaca le gteic@Ráth Chairn, Co. na Mí, cuireadh soilse nua, teaschaidéal nua, PV gréine agus insliú feabhsaithe i bhfeidhm. I bPáirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall, rinneadh infheistíocht shuntasach sa scéim soilsithe le soilse níos éifeachtúla agus bhain an togra laghdú fuinnimh 50,000 kwh amach sa bhliain.

Tá togra PV gréine 120kW suite ag Comharchumann Mhic Dara ar dhíonta ar pháirc gnó na Ceathrún Rua, agus iad ag feidhmiú ceithre luchtaire do charranna leictreacha.

## Polasaithe Inmhéanacha

Tá Treochlár don Ghníomhaíocht ar son na hAeráide 2025 foilsithe agus tá obair mhór ar siúl chun na spriocanna a bhrú chun cinn. Leagadh amach critéir nua maidir le Soláthar Poiblí Glas tar éis don Rialtas Ciorclán 17/2025 a fhoilsiú.

## Taighde & Comhoibriú

Tá an tÚdarás ag obair le comhairleoirí, eagraíochtaí agus grúpaí pobail chun deiseanna traenála, oiliúna agus eolas faoi thacaíocht agus maoiniú a chur ar fáil do chliantchomhlachtaí, don eagraíocht féin, agus don Ghaeltacht. Trí aighneachtaí agus rannpháirtíocht, tá an tÚdarás ag cinntiú go bhfuil ról iomlán ag an nGaeltacht páirteach san aistriú cóir agus go mbeidh an Ghaeilge fós lárnach i gclár forbartha inbhuanaitheachta na hÉireann.




Imeacht Cuisle, clár óige Ealaín na Gaeltachta

# Fochuideachtaí

## Ealaíon na Gaeltachta Teo

Is fochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta é Ealaíon na Gaeltachta Teo a feidhmíonn i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon chun borradh a chur faoi fhorbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht.

In 2025, cuireadh maoiniú €1.89m ar fáil do 238 tionscadal ealaíon. D'fhreastail 11,500 duine óg ar Chlár Cuisle, clár óige Ealaín na Gaeltachta, le tacaíocht ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, le 249 duine fostaithe idir áisitheoirí, theagascóirí agus ealaíontóirí. Tacaíodh le 30 féile Gaeltachta agus le tionscadail ealaíon in 25 LPT. Tugadh tacaíocht do 68 ealaíontóir idir sparánachtaí, thréimhsí cónaitheacha agus deiseanna oiliúna.

Lean Ealaín na Gaeltachta ag forbairt gréasán saibhir de chomhpháirtíochtaí réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta in 2025. Ina measc, comhpháirtíochtaí le hOifigigh Pleanála Teanga ar fud na Gaeltachta mar aon le héagsúlacht comhpháirtíochtaí in earnáil na hóige a chuimsigh Music Generation, Tuismitheoirí na Gaeltachta, agus in earnáil na n-ealaíon Performing Arts Forum, Ionad Heinrich Böll agus an Centre Culturel Irlandais i bPáras.

Bhain ceiliúradh ar leith le 2025 nuair a rinne trí cinn de phríomheagraíochtaí ealaín na Gaeltachta ceiliúradh ar 25 bliain ar an bhfód – Áras Éanna in Inis Oírr, An Gailearaí i nGaoth Dobhair agus Aisling Gheal i Múscraí.

## Muintearas CTR

Is fochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta é Muintearas CTR a chuireann seirbhísí óige agus fiontraíochta sóisialta ar fáil. Lean Muintearas ag reáchtáil Scéim na gCúntóirí Teanga in 104 scoil, Clár Aclaíochta agus Spóirt in 18 scoil agus Scéim na gCampaí Samhraidh in 2025. Cuireadh €253,000 ar fáil chun 166 campa samhraidh a reáchtáil. Tá na cláir seo maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.

Tá 32 club óige cláraithe le Muintearas ag feidhmiú i Limistéir Pleanála Teanga ar fud na Gaeltachta. Reáchtálann an eagraíocht dhá naíolann agus iarscoil i dTír an Fhia agus Gaoth Dobhair, chomh maith le dhá fhiontar sóisialta áitiúil i dTír an Fhia – gteic agus caifé pobail An Chlúid. Is ionad oideachais cláraithe QQI é Muintearas ina bhfuil 152 duine fostaithe.

D'athraigh stádas an chomhlachta go Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta in 2025. Forbraíodh bunreacht nua don eagraíocht agus seolfar straitéis nua in 2026. I mí na Samhna 2025, d'fhógair an tAire Dara Calleary TD maoiniú €500,000 chun cur ar chumas Mhuintearas a gcuid seirbhísí óige a fhorbairt agus a leathnú sna Limistéir Pleanála Teanga. Táthar ag súil go gcuideoidh an maoiniú seo le buanú agus neartú úsáid na Gaeilge i measc na glúine óige sa Ghaeltacht agus go gcruthófar deiseanna nua don óige chun an Ghaeilge a úsáid i suíomhanna sóisialta.



Foireann agus páistí Naíolann na nOileán ag léiriú a dtacaíocht do mhná Naomh Anna a bhuaigh ag Comórtas Peile na Gaeltachta

## MIDC Páirc na Mara CGA

Bliain mhór a bhí in 2025 do MIDC le dul chun cinn mór déanta aige sna réimsí éagsúla. Tá MIDC le lonnú ag Stáisiún Taighde Charna, Ollscoil na Gaillimhe, agus tá an próiseas tairisceana tógála faoi lán seoil. Bhí Stáisiún Taighde Charna ag comóradh 50 bliain i mí Dheireadh Fómhair agus pléadh todhchaí an bhithgheilleagair mhara ag ócáid Todhchaí Gorm le breis agus 100 rannpháirtí. Lean MIDC de thacaíocht a thabhairt d'fhiontair trí chuairteanna suímh agus comhairle gnó, le cuideachtaí ar liosta feithimh do spás sa tsaoráid nua. Tá MIDC ag forbairt cláir oiliúna leis an mBord Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear cúrsa saor loinge agus oiliúint i gcórais dobharshaothraithe athchúrsála (RAS), ar léiriú é sin ar a thiomantas leanúnach don inbhuanaitheacht agus don phobal.



MIDC, Staisiún Taighde Charna

## Mná na Mara

D'eagraigh Údarás na Gaeltachta an chomhdháil 'Mná na Mara' sna Forbacha i mí Feabhra. D'oscail an tAire Muirí, Timmy Dooley T.D., an ócáid a thug príomhguthanna ó earnáil mhuirí na hÉireann le chéile chun éachtaí na mban sa tionscal muirí a cheiliúradh, ceangal a chothú agus inspioráid a thabhairt don chéad ghlúin eile ceannairí. D'fhreastail ionadaithe ón tionscal, ón saol acadúil agus ón bpobal ar an bhfóram spreagúil, agus pléadh téamaí tábhachtacha ar nós bainistíocht inbhuanaithe aigéin, fiontraíocht gheilleagair ghoirm, agus comhtháthú eolais mhuirí thraidisiúnta le cleachtais nua-aimseartha.

## Seirbhísí Forbartha Gnó CGA

Is fochuideachta eile de chuid an Údaráis é Seirbhísí Forbartha Gnó CGA. Tá siad ag obair go dlúth le Coláiste Íosagáin agus beidh siad i mbun bhainistiú agus oibriú Champas Íosagáin nuair a bheidh sé oscailte. Soláthróidh siad na seirbhísí forbartha gnó, fiontraíochta agus oiliúna go léir a bheidh ar fáil sa lárionad nua.



Marie Gleeson, Iar-Chaptaen de Chabhhlach na hÉireann, ag caint ag Mná na Mara i mí Feabhra 2025





Bealach Portaigh Sheana Mhac, Gaillimh,
grianghraf glactha mar chuid de Glow 2.0

# Tograí Eorpacha

## Glow 2.0

Cuireadh an togra i gcrích ag deireadh 2025. Forbraíodh pacáiste tacaíochta praiticiúil d’eagraíochtaí atá ag forbairt na turasóireachta faoin spéir dhorcha agus scaipeadh ar shé eagraíocht forbartha iad i Maigh Eo, i nDún na nGall agus i nGaillimh. Forbraíodh “Planetarium” fíorúil agus cúrsaí oiliúna ar líne freisin.

## Chance

Tosaíodh ag obair ar an togra Eorpach seo, atá maoinithe faoin gclár Erasmus+ agus dírithe ar thacú le fiontraithe atá os cionn 50 bliain d’aois. Tá anailís riachtanas á déanamh ar an sprioc-mhargadh agus bunaithe ar an aiseolas atá faighte go dtí seo, tá tús curtha le clár oiliúna a fhorbairt ar líne i bhfoirm MOOC (Ollchúrsa Oscailte ar Líne). Bhí céad chruinniú an togra ar siúl in Kuopio na Fionlainne i mí na Samhna.

## ST3ER

Ba é 2025 an dara bliain ag Údarás na Gaeltachta sa chlár Eorpach ST3ER. Cabhraíonn an tionscadal le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) turasóireachta aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus digití trí chur lena gcuid acmhainní chun samhlacha nua gnó a chruthú agus a mhéadú. Tá sé pháirtí acu i gcúig thír Eorpacha agus bronnadh deontais ar dheich ngnólacht Gaeltachta: seacht gcinn i nDún na nGall, péire i Maigh Eo agus ceann amháin i nGaillimh.

## SAtComm

Tá Údarás na Gaeltachta ina chomhpháirtí den togra SAtComm le tacaíocht ó Interreg, i gcomhar le comhpháirtithe as Éirinn, an Spáinn, an Fhrainc agus an Phortaingéil. Faoin togra táthar ag forbairt ardán digiteach a chuirfidh ar chumas “Pobail Fuinnimh” áitiúla fuinneamh in-athnuaite a úsáid go háitiúil ar chostas íseal. Chuir an tÚdarás suíomh ar fáil do staidéar píolótach i mBaile an Mhuilinn sa Daingean, áit ar suiteáladh córas 21KW de phainéil PV, áit stórála cadhnra agus trealamh tomhaiste i Meán Fómhair 2025.

## Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais (CE4EUI)

Is clár de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais (CE4EUI), agus tá Oileáin Árann, Cléire agus Toraigh/Árainn Mhór (iarratas i gcomhar) rannpháirteach sa bhfochlár "30 Oileán do 2030" ina dtugtar tacaíocht do phobail ina dturais chun dícharbónú iomlán a dhéanamh, le hÚdarás na Gaeltachta ina chomhordaitheoir náisiúnta. Tá Foireann Gníomhaíochta Aeráide agus clár oibre socraithe ag gach iarrthóir. Beidh comhairle ghairmiúil agus theicniúil ar fiú tuairim is €70,000 í thar 3 bliana ar fáil do gach grúpa. Tá réimse leathan tograí á meas, ina measc tuirbín gaoithe pobail, feirm PV pobail, staidéar ar uasghrádú tithe cloiche, anailís ar stoc tithe agus deiseanna ar fhuinneamh tonnta/taoide. D'eagraigh an tÚdarás, i gcomhar leis an bhFoireann Gníomhaíochta Aeráide áitiúil, comhdháil idirnáisiúnta ar "Mhodhanna Maoinithe do Thograí Fuinnimh Pobail" ar Chléire an 30 Meán Fómhair 2025.

## MERSE

Mar chuid den togra Eorpach MERSE, reáchtáladh cúrsa 'Áisitheoirí Pobail' i gConamara a raibh rannpháirtíocht air ó thíortha éagsúla. Tá na rannpháirtithe páirteach i gcúrsa oiliúna ar líne agus nuair a bheidh siad críochnaithe beidh siad oilte comhairle a chur ar fáil maidir le forbairt na fiontraíochta sóisialta ag an leibhéal áitiúil. Beidh cúrsa eile d'áisitheoirí ar siúl i gConamara in 2026. Tá an tÚdarás ag reáchtáil Seimineár Gréasáin le cainteoirí Éireannacha atá ag obair in earnáil na Fiontraíochta Sóisialta ag deireadh na míosa, a mbeidh ionadaithe ó thíortha éagsúla ag freastal air. Thug ionadaithe ón Údarás agus Comhar na nOileán cuairt ar an bhFionlainn in Aibreán chun eolas a chur ar an earnáil forbartha pobail.

## Data2Sustain

Cuireadh tacaíocht airgeadais €76,000 ar fáil do chomhlachtaí in 2025 tríd an gclár Data2Sustain, clár 39 mí a dtiocfaidh deireadh leis in Aibreán 2026. Tugadh tacaíocht dhíreach do 15 chomhlacht agus d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí maidir lena gclaochlú digiteach i rith 2025. D'eagraigh an tÚdarás Makerthon i mBéal an Mhuirthead i mí Bealtaine le haghaidh fiontraithe, eagraíochtaí agus scoileanna áitiúla. Cuirfear cúrsaí agus sraith de cheardlanna MakerSpace ar fáil roimh dheireadh na bliana i gcomhpháirtíocht le Foróige. Tá MakerSpace bunaithe ag an Údarás i mBéal an Mhuirthead agus é feistithe le trealamh nua-aimseartha, dhá phrintéir 3D, gearrthóir léasair, scanóir 3D, gearrthóir vinile agus meaisín brú teasa ina measc.

Ceadaíodh €5.7m (€469,000 don Údarás) don togra nua Data2Sustain 2.0 i rith na bliana chun forbairt bhreise a dhéanamh ar dhigitiú (go háirithe Intleacht Shaorga) i FBManna, Fiontair Shóisialta agus Eagraíochtaí Stáit sa Ghaeltacht as seo go 2029.

## LEAP

Tá Údarás na Gaeltachta i gcomhar le páirtnéirí eile in Éirinn páirteach i dtionscadal LEAP, clár forbartha chun tacú leis an aistriú go fuinneamh glas. Tá an clár seo á mhaoiniú faoi chlár Glaoch don Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE an Aontais Eorpaigh a bhfuil buiséad €1.96m aige. Bhí an togra ar bun idir mí na Samhna 2022 agus Deireadh Fómhair 2025 agus bhí Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh ina phríomhpháirtí, agus Comhairlí Contae Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma páirteach ann. Bhí oifig fuinnimh á reáchtáil ag Comharchumann Fuinnimh Árann Teoranta sa Ghaeltacht chun freastal ar cheantar Chonamara agus Árann le linn an togra. D'éirigh leis an tionscadal bonn láidir a chur faoin todhchaí fuinnimh inbhuanaithe sna ceantair sin, agus cuireadh clabhsúr leis go rathúil i mí Dheireadh Fómhair 2025 tar éis trí bliana d'obair luachmhar a chur isteach ag tacú le pobail Ghaeltachta lena n-aistriú go fuinneamh glan.

## EmpowerUs

Clár atá dírithe ar thacú le forbairt na hearnála forbartha pobail sa Ghaeltacht trí chuidiú le forbairt scileanna, acmhainní foghlama agus ábhar oiliúna. Tá EmpowerUs á mhaoiniú faoi chlár Horizon Europe an Aontais Eorpaigh. Tá buiséad €6.2m aige agus bhí an togra ar bun idir Deireadh Fómhair 2022 agus Meán Fómhair 2025. Le linn an togra, seoladh leabhráin eolais éagsúla lena n-áirítear '*Treoir Tionchair – Éire, Geilleagar Sóisialta an Chósta*' agus '*Lámhleabhar Teicniúil Sócmhainní*'. Seoladh an togra sa Bhruiséil agus in Ionad na Feamainne, Leitir Mealláin. Thug ionadaithe as Conamara agus Árann cuairt ar thionscnaimh phobail in Albain agus i nGaeltacht Dhún na nGall, agus cuireadh clabhsúr leis an tionscadal go rathúil i mí Mheán Fómhair 2025.

## CODIL

I gcomhar le páirtnéirí eile Eorpacha, tá Údarás na Gaeltachta páirteach i dtionscadal CODIL, clár taighde chun beartais nuálaíochta nua agus tacaíochtaí cuí oiliúna agus oideachais a chur ar fáil chun infheistíocht dhigiteach a mhealladh chun na Gaeltachta. Tá an clár seo á mhaoiniú faoi chlár INTERREG Europe an Aontais Eorpaigh agus tá buiséad €1.7m aige. Beidh an togra ar siúl ó mhí Márta 2023 go Feabhra 2026. Is é an University of Ljubljana sa tSlóivéin atá i gceannas ar an togra agus tá páirtnéirí ó Éirinn, ón bhFionlainn, ón Rómáin, ón Spáinn agus ón bhFrainc páirteach ann. Ceadaíodh maoiniú do thogra píolótach ag éirí ó CODIL in 2025 chun anailís a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le múnlaí dea-chleachtais a aistriú as Éirinn go ceantair eile san Fhrainc agus san Fhionlainn.

# An Ghaeilge agus an Ré Dhigiteach

In 2025, rinne Údarás na Gaeltachta dul chun cinn suntasach ar thogra IS na Gaeilge idir phleanáil straitéiseach, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí taighde. Tugann an obair seo aghaidh ar fhís an Údaráis – láithreacht dhigiteach phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a láidriú agus a chinntiú go mbeidh an teanga bríomhar san aois dhigiteach.

### Uirlisí IS don Ghaeilge: Deiseanna agus Dúshláin

I mí an Mheithimh 2025, d'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta 'Uirlisí IS don Ghaeilge: Deiseanna agus Dúshláin', doiciméad straitéiseach ina dtugtar gach gníomhaíocht a bhaineann le hintleacht shaorga (IS) ar fud na heagraíochta le chéile. Déantar scrúdú sa doiciméad beo seo ar shreafaí oibre reatha, measúnú ar dhul chun cinn, agus leagtar amach treochlár soiléir le haghaidh forbartha ar feadh dhá mhí dhéag. Cuireadh an plean i láthair do Choiste na Gaeilge, na Gaeltacht agus Phobal Labhartha na Gaeilge agus an Choiste Comhairleach um an nGhaeilge sa Réimse Digiteach, agus tá sé ar fáil anois go poiblí ar shuíomh idirlín an Údaráis chun aiseolas agus moltaí ó pháirtithe leasmhara a éascú.

### Comhpháirtíochtaí Taighde

D'oibrigh an tÚdarás le roinnt institiúidí agus eagraíochtaí in 2025 chun an obair ar IS na Gaeilge a chur chun cinn:

#### ABAIR, Coláiste na Tríonóide

Leanadh leis an gcomhoibriú chun réitigh IS caint-go-caint a fhorbairt, ag taispeáint cumas comhrá fíor-ama sa Ghaeilge le haithint chanúna.

#### Ollscoil na Gaillimhe

Bunaíodh comhpháirtíocht chun obair a dhéanamh ar chatalógú córasach ar bhailiúcháin dhigiteacha Ghaeilge, idir théacs, ghuth agus fhís. Tá scrúdú á dhéanamh ar cheisteanna teicniúla, dlíthiúla agus eiticiúla maidir le tacair sonraí lánoscailte ó thaobh cóipchirt a chur ar fáil d'oiliúint samhlacha teanga.




Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, agus an tAire Stáit Niamh Smyth T.D. ag labhairt ag an National Artificial Intelligence Meet i nGaillimh i Meán Fómhair 2025.

### EY

D'oibrigh an tÚdarás le EY chun anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na bearnaí seirbhíse Gaeilge san earnáil phoiblí agus ar an gcaoi is féidir le IS iad a líonadh. Reáchtáladh ceardlanna le páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí chun na deiseanna is mó a bhaineann leis an IS don Ghaeilge a aithint agus na príomhdhúshláin a phlé. Tá tuarascáil ullmhaithe anois ina leagtar amach na bealaí is fearr chun IS a fhorbairt le haghaidh na Gaeilge san earnáil phoiblí, agus seolfar í in 2026.

### Mozilla Common Voice

I bpáirtnéireacht le Mozilla Common Voice, seoladh feachtas i Meán Fómhair 2025 chun corpas labhartha Gaeilge a chruthú a bheidh ar fáil go poiblí, saor in aisce agus gan aon srianta úsáide. Tugadh cuireadh don phobal Gaeilge agus Gaeltachta páirt a ghlacadh trí thaifid a dhéanamh ar ardán Common Voice. Beidh sé ar fáil faoin gceadúnas Creative Commons Zero, rud a thugann rochtain do thaighdeoirí, d'fhorbróirí agus d'eagraíochtaí córais glór go téacs, gléasanna cliste, agus aipeanna IS Gaeilge a fhorbairt.

## Imeachtaí agus Comhoibriú

Eagraíodh sraith imeachtaí agus comhdhálacha i rith 2025 inar tugadh páirtithe leasmhara le chéile chun eolas a mhalartú agus todhchaí na Gaeilge agus an IS a phlé. Reáchtáladh imeachtaí ag Oireachtas na Samhna agus in Ard-Oifig an Údaráis le hionadaithe ó earnáil na teicneolaíochta, ó institiúidí acadúla, ó chomhlachtaí Stáit, agus ó eagraíochtaí teanga, chomh maith le saineolaithe agus samplaí ó thíortha eile. Díríodh freisin ar earnálacha sonracha cosúil leis an earnáil closamhairc, agus chuidigh na pléití seo go mór chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá ann.

# Údarás na Gaeltachta sa Phobal

## Comórtas Peile na Gaeltachta

Bhí Údarás na Gaeltachta thar a bheith sásta a bheith páirteach i gComórtas Peile na Gaeltachta arís i 2025 i nGaeltacht Ráth Chairn, Co. na Mí. Ó cuireadh tús leis in 1969, is nasc tábhachtach idir na pobail Ghaeltachta ar fud na tíre an comórtas seo.  Is sampla iontach atá anseo den obair mhór a dhéanann daoine deonacha i gcomhthéacs CLG, ní hamháin ó thaobh cúrsaí spóirt ach ó thaobh na forbartha pobail agus an tiomantais don teanga agus don chultúr freisin.  Ba chúis áthais d'Údarás na Gaeltachta Gradam An Lóchrainn, a thosaigh an tÚdarás sa bhliain 2013 agus a bhronntar chun aitheantas a thabhairt don obair dhíograiseach seo, a bhíonn gan aird go minic, a bhronnadh arís in 2025.




Lógó an Údaráis ar an bpáirc ag Comórtas Peile na Gaeltachta i Ráth Chairn, a raibh Údarás na Gaeltachta mar urraitheoir uirthi.

## Oireachtas na Gaeilge

Tá Údarás na Gaeltachta tiomanta do fhreastal ar phobail sna ceantair Ghaeltachta ar fad le cúram sainiúil do chosaint, do chur chun cinn agus d'fhorbairt infreastruchtúir eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir agus creidimid go gcuireann ár gcomhpháirtíocht le hOireachtas na Gaeilge go mór leis an obair seo. Is mór an tacaíocht atá tugtha ag an Údarás thar na mblianta don imeacht agus is léir go bhfuil na luachanna agus mórspriocanna céanna againn agus go bhfuilimid araon ag freastal ar an sciar an-téagartha céanna de phobal labhartha na Gaeilge. Bhí Údarás na Gaeltachta lárnach arís i mbliana in Oireachtas na Samhna - mórfhéile náisiúnta phobal na Gaeilge – ó aonach an Oireachtais, na comórtais liteartha, imeachtaí i gcomhar le páirtnéirí eile lena n-áirítear Ealaín na Gaeltachta faoin scéim Aisling Gheal agus comhoibriú le COGG ar Mheitheal na nGairmeacha Gaeilge. D'eagraigh an tÚdarás 'Ár dTeanga, Ár dTeicneolaíocht' Intleacht Shaorga agus Todhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta' freisin, ócáid chun an Intleacht Shaorga a phlé.




Oireachtas na Gaeilge: Buaiteoirí geansaithe Údarás na Gaeltachta, Darach agus Ferdia Mac Conduibh, ag Oireachtas na Samhna 2025.

## Comórtas Treabhadóireachta

I mí Mheán Fómhair, bhí ócáid speisialta ag an Údarás faoi scáth na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Bhí an tÚdarás i láthair ag an gComórtas Treabhadóireachta, áit a raibh na mílte cruinnithe le chéile - daoine óga agus aosta araon.

Ba dheis iontach é seo chun scéal an Údaráis a scaipeadh i measc na gcuairteoirí. Rinneadh ceiliúradh ar a chliantchomhlachtaí agus ar a mhicrifhiontair in éineacht leis an Aire Calleary TD agus leis an Aire Buttimer TD.




An tAire Dara Calleary T.D. ag bualadh le Liam de Búrca agus údar Patricia Forde ag seastán Údarás na Gaeltachta ag an gComórtas Treabhadóireachta, Meán Fómhair 2025.

## Showcase & GIFTED 2025


Is é Showcase ceann de na haontaí trádála is mó a mbíonn deis ag dearthóirí agus ceardaithe a gcuid táirgí traidisiúnta agus nua-aimseartha a thaispeáint, táirgí a léiríonn nuálaíocht, ardchaighdeán agus éagsúlacht do cheannaitheoirí ó gach cearn den domhan. Cúig chomhlacht a d'fhreastail ar Showcase 2025 - Rustec Wood, Connemara Exclusive, DeRóiste Design, Fiadh agus Sarah Lorraine Ireland. Chomh maith le naoi gcomhlacht eile ar sheastán an Údaráis. Roghnaíodh Less Watches mar chuid den Edit Shortlist, rogha de tháirgí ar ardchaighdeán ar fáil thar raon catagóirí.

Bhí ceathrar rannpháirtithe Cumasú páirteach in GIFTED i mí na Nollag 2025, an t-aonach ceardaíochta is mó in Éirinn: House of Achill, Emily Jean Atelier, FLÓRAITH Skincare, agus Ireland Exclusive.




Aisling Ní Dhochartaigh, Aodh Mac Suibhne agus Anna Sutcliffe ó House of Achill ag Showcase 2025, ag cur táirgí Gaeltachta in iúl do chuairteoirí.

# Athbhreithniú de réir Ceantair Ghaeltachta





# Gaeltacht Dhún na nGall







Bhuaigh daltaí ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair Craobh Náisiúnta Clár na gComhlachtaí lena dtogra 'Eco-Paws'.

Buaiteoirí Gradam Phádraig Uí Aoláin, Coiste Forbartha Éadan Fhionn Fraoich, Dún na nGall, ag ócáid Gradaim na Gaeltachta 2025.



## Forbairt Phobail

### Scéim na gComharchumann agus na nEagras Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú reáchtála iomlán €1.06m ar fáil d'aon eagras déag faoin Chlár Forbartha Pobail in 2025 chun cur ar a gcumas tabhairt faoi chlár forbartha pobail ina gceantar feidhme, dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil. Cuireadh maoiniú ar fáil don earnáil forbartha pobail, idir eagrais mhaoinithe agus dheonacha trí Scéim Fiontair Shóisialta agus Scéim Fiontair Pobail an Údaráis in 2025 chomh maith.

### Scéimeanna Fostaíochta Pobail

Bhí 284 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana - 108 rannpháirtí ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, cúigear ar Tús Nua, 127 ar an Scéim Fostaíochta Pobail agus 36 ar Scéim TÚS. Tá na scéimeanna á riaradh ag an Údarás agus á maoiniú ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

### Clár LEADER

Leanadh le cur i bhfeidhm Chlár LEADER an Údaráis i gcomhar le Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Dhún na nGall. Is iad téamaí an chláir reatha ná: Forbairt Eacnamaíochta, Forbairt Fiontair agus Cruthú Fostaíochta; Bonneagar Tuaithe agus Cuimsiú Sóisialta; agus Forbairt Inbhuanaithe agus Athrú Aeráide. Ceadaíodh naoi dtogra faoin chlár in 2025 le luach deontais €214,000.

## Turasóireacht

Cuireadh tús le hobair ar Phlean Forbartha Eispéireas Cinn Scríbe d'Iarthar Dhún na nGall ag deireadh 2025 trí phróiseas comhairliúcháin. Dírítear sa phlean ar líon na gcuairteoirí a mhéadú, fad a chur le séasúr na turasóireachta, agus eispéiris ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin a fheabhsú. Reáchtáil Fáilte Éireann, i gcomhar leis an Údarás, sraith ceardlann do ghnólachtaí turasóireachta áitiúla, do ghrúpaí pobail agus don phobal i gcoitinne chun smaointe agus tuairimí a fháil a d'fhéadfadh cuidiú leis an eispéireas is fearr a thabhairt do chuairteoirí chuig an réigiún. Táthar ag súil go bhfoilseofar an plean go luath in 2026.

## Forbairt na Fiontraíochta

Ceadaíodh tacaíochtaí fiontraíochta do réimse leathan tograí i nGaeltacht Dhún na nGall in 2025, ar a n-áirítear:

### Cuan Tamhnaigh Teo

Ceadaíodh pacáiste tacaíochta breise do Chuan Tamhnaigh Teo chun cuidiú leis an ghnó déantús cairpéad, fabraic chumhdaitheoireachta agus cuirtíní don earnáil eitlíochta a fhorbairt agus a neartú. Meastar go bhfostófar suas le deichniúr breise sa chomhlacht mar thoradh ar an infheistíocht seo anuas ar an 90 duine atá fostaithe sa ghnó cheana féin. Tá táirgí Chuan Tamhnaigh Teo á ndíol le suas le 140 aerlíne ar fud an domhain.

### Innealtóireacht JC Teoranta

Ceadaíodh pacáiste tacaíochta breise don ghnó táirgí innealtóireachta. Tá an comhlacht teaghlaigh seo, atá lonnaithe ar an Choimín i nGleann Fhinne, ina chliant ag an Údarás ón bhliain 2000. Tá an comhlacht i mbun réimse leathan oibre innealtóireachta ach tá sainscileanna agus saineolas faoi leith aige i ndearadh agus táirgeadh earraí déanta as cruach dhomheirgthe. Meastar go mbeidh 30 duine fostaithe sa ghnó mar thoradh ar an infheistíocht.

### Fia-Dhair Teo

Ceadaíodh pacáiste tacaíochta d'Fia-Dhair Teo chun cuidiú leis gnó déantús smailce próitéine a fhorbairt agus a neartú. Is gnó úr é seo a bheidh lonnaithe in Ionad Mhachaire Uí Rabhartaigh. Meastar go bhfostófar suas le seachtar sa chomhlacht in imeacht ama mar thoradh ar an infheistíocht seo..

## Pleanáil Teanga

Tá pleananna teanga á bhfeidhmiú sna hocht Limistéar Pleanála Teanga i nGaeltacht Dhún na nGall agus i mBaile Seirbhíse Gaeltachta an Chlocháin Léith, le maoiniú bliantúil €1.14m. Tá deich bpost Oifigeach Pleanála Teanga ceadaithe leis an mhaoiniú sin. Léiríodh le linn na bliana go bhfuil dúshlán ar leith ar Árainn Mhór agus ar Thoraigh daoine cáilithe a earcú sna róil sin. Tá comhoibriú leanúnach idir na ceanneagraíochtaí agus páirtithe leasmhara eile agus iad ag cur go mór le forbairt agus cur chun cinn na Gaeilge i nGaeltacht Dhún na nGall. Tá ról lárnach ag na OPT i bhforbairt agus i gcur chun cinn feachtais chruthaitheacha, imeachtaí pobail agus tionscnaimh teanga a spreagann úsáid na Gaeilge i ngach aoisghrúpa.

## Infheistíocht Maoine

### Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair

Ceadaíodh soláthar caipitil €4.5m in 2025 chun obair uasghrádaithe a dhéanamh ar infreastruchtúr Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, an pháirc fiontraíochta is mó sa Ghaeltacht, chun riachtanais forbartha gnó agus riachtanais sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh.

### Ionad Fiontraíochta na Carraige

Cheadaigh an tÚdarás soláthar caipitil le linn 2025 chun ionad fiontraíochta a thógáil ar shuíomh pobail ar an Charraig i gCo. Dhún na nGall. Ullmhaíodh plean foirgnimh imlíne don suíomh agus ceadaíodh an t-iarratas pleanála ina leith. Is spás ilúsáide a bheidh i gceist - meascán de spás fiontraíochta, deántúsaíochta, ceirde agus oifige.

### Infheistíochtaí Eile

Ceadaíodh infheistíocht mhaoine do Chlósbhád Mhíobhaí, Na Dúnaibh, Páirc Ghnó Bhaile Mún, Teach Mhuiris, Cnoc Fola, Aonaid an Earagail & Aonad 23 Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Monarcha an Chaisil, Gort an Choirce, An Mharglann, Gleann Cholm Cille agus Aonad Ceardaíochta, Árainn Mhóir. Leanadh de chur i bhfeidhm mórthogra athfhorbartha ar mhaoin an Údaráis atá ar léas ag Cora Tine Teo ar eastát an Fháil Charraigh as ciste a ceadaíodh in 2024 chomh maith.

## Imeachtaí agus Ócáidí Eile

### Toscaireacht ó Údarás Harris Tweed agus Comhairle nan Eilean Siar

Lean an tÚdarás den cheangal idir traidisiúin chultúir agus theicstílí na hÉireann agus na hAlban a neartú nuair a tháinig toscaireacht ó Údarás Harris Tweed agus Comhairle nan Eilean Siar, Leòdhas, chuig Gaeltacht Dhún na nGall i mí na Bealtaine.

Léirigh an toscaireacht suim mhór i bhforbairtí na pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i dtionscnaimh pobail áitiúla. Mar chuid den chomhpháirtíocht seo, roinn Údarás Harris Tweed a gcuid saineolais maidir le stádas cosanta a bhaint amach do Bhréidín Dhún na nGall.

Páirc Ghnó Ghaoth Dóbhair



## Naisc Teanga idir Éirinn agus Albain

Ba é seo an dara bliain ag an Údarás ag obair leis an Ard-Chonsalacht Ghinearálta in Albain chun naisc a neartú idir Dún na nGall agus pobail Ghàidhlig na hAlban.

## Na Droichid Órga

D'fhreastail feidhmeannaigh an Údaráis ar chomhdháil i mBostún chun acmhainneacht na Gaeltachta a léiriú agus comhoibriú le pobail Éireannacha-Meiriceánacha a chothú.

## Clár na gComhlachtaí

Bhuaigh daltaí ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair an Chraobh Náisiúnta lena dtogra 'Eco-Paws'. Rinne siad ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag an Chomórtas Comhlacht Eorpach na Bliana san Aithin sa Ghréig i mí Iúil.



An Earagail, Dún na nGall

# Gaeltacht Mhaigh Eo





An Fál Mór, Béal an Mhuirthead, Maigh Eo

## €394,000

Cuireadh maoiniú reáchtála iomlán €394,000 ar fáil do cheithre eagras faoin gClár Forbartha Pobail in 2025


Turas treoraithe in Solas d'Oifigigh Pleanála Teanga

## €663,000

Ceadaíodh maoiniú €663,000 do Chomhairle Chontae Mhaigh Eo faoin gClár RRDF le haghaidh Ionad Pobail, Naíonra agus Ionad Oiliúna, oibreacha réimse poiblí agus leabharlann nua i mBéal an Mhuirthead

Cuireadh tús leis an obair deartha agus forbartha ar Choláiste Chonnacht i dTuar Mhic Éadaigh

## Forbairt Phobail

### Scéim na gComharchumann agus na nEagras Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú reáchtála iomlán €394,000 ar fáil do cheithre eagras faoin gClár Forbartha Pobail in 2025 chun cur ar a gcumas tabhairt faoi chlár forbartha pobail ina gceantar feidhme a bhí dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil. Ceadaíodh maoiniú d'ocht gcoiste pobail agus deonach faoin Scéim Fiontair Pobail agus trí eagras faoin Scéim Tacaíochta don Fhiontraíocht Shóisialta.

### Coláiste Chonnacht, Tuar Mhic Eadaigh

Cuireadh tús leis an obair dheartha agus forbartha ar Choláiste Chonnacht i dTuar Mhic Éadaigh i rith na bliana chun áis nua a chur ar fáil a fhreastalóidh ar riachtanais an cheantair

### Seanteic, Béal an Mhuirthead

Ceadaíodh maoiniú €663,100 i rith na bliana do Chomhairle Chontae Mhaigh Eo faoin gClár RRDF chun dearadh agus forbairt a dhéanamh ar Ionad Pobail, Naíonra agus Ionad Oiliúna, oibreacha réimse poiblí agus leabharlann nua i mBéal an Mhuirthead. Tá an tÚdarás ag obair go dlúth leis an gComhairle Contae agus leis an gCoiste áitiúil chun an togra a thabhairt chun cinn.

### Scéimeanna Fostaíocht Soisialta

216 rannpháirtí agus 10 saoiste a bhí fostaithe ar na scéimeanna fostaíochta sóisialta i Maigh Eo ag deireadh na bliana 2025. 49 rannpháirtí a bhí ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 148 rannpháirtí ar an Scéim Sóisialta Tuaithe agus 19 rannpháirtí ar TÚS. Tacaíonn na scéimeanna le coistí agus áiseanna pobail ar fud cheantair Ghaeltachta Iorrais, Acla agus Thuar Mhic Éadaigh agus tá ról tábhachtach i dtaobh na siúlóidí agus bealaí rothaíochta a fhorbairt agus a chothabháil. Cuireann siad deiseanna taithí oibre agus oiliúna ar fáil freisin do phobal an cheantair.

## Forbairt na Fiontraíochta

Cuireadh tús leis an dtogra Eorpach FarmUp faoi scáth Chomhlacht Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo i rith na bliana.

Cuireadh tús le dhá ghnó nua, FireFighting Ball agus Atlantic Energy, i rith na bliana. Tá an dá chomhlacht lonnaithe sa gteic i mBéal an Mhuirthead agus tá forbairt ag teacht ar an gcomhlacht Atlantic Energy.

## Turasóireacht

Bronnadh infheistíocht €159,000 i mí na Samhna 2025 ar an tionscadal Siúlóidí Lúbtha Iorrais i mBéal an Mhuirthead chun siúlóid lúbtha nua a bhunú i sráidbhaile Chorclaí ar Leithinis an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo chomh maith le feabhas a chur ar shiúlóid atá ann cheana ag Ceann Iorrais. Bronnadh deontais ar Oifigigh Thurasóireachta freisin le haghaidh roinnt tionscadail thábhachtacha, Solas i Maigh Eo ina measc.

## Pleanáil Teanga

Rinneadh dul chun cinn sa dá Limistéar Pleanála Teanga le linn na bliana maidir le cur i bhfeidhm a gcuid pleananna. Tá infheistíocht iomlán €300,000 sa bhliain mar aon le trí phost mar Oifigeach Pleanála Teanga i gceist leis na pleananna sin. Cuireadh tús le hullmhú plean teanga do BSG Bhéal an Mhuirthead le linn na bliana. Tá grúpa áitiúil, Pobal Feasta, i mbun an plean a ullmhú le tacaíocht ó chomhairleoir pleanála teanga, agus táthar ag súil go mbeidh dréacht réitithe sa chéad leath de 2026. Tá borradh ar leith le feiceáil ar imeachtaí Gaeilge i gceantar Iorrais de bharr ghníomhaíochtaí Gaeilge Iorrais. Líonadh an folúntas d'Oifigeach Pleanála Teanga nua i LPT Mhaigh Eo Thiar san Fhómhar.



# Gaeltacht na Mí





Comórtas Peile na Gaeltachta 2025 i nGaeltacht Ráth Chairn seolta go hoifigiúil i bPáirc an Chrócaigh, Bealtaine 2025.

## €120,000

Tá Oifigeach Pleanála Teanga fostaithe agus bhí maoiniú iomlán €120,000 ar fáil d'fheidhmiú an phlean teanga le linn na bliana.


Ráth Chairn

## Forbairt Pobail

### Ráth Cairn

Cuireadh maoiniú reáchtála iomlán €113,000 ar fáil do Chomharchumann Ráth Chairn Teo faoin gClár Forbartha Pobail chun cur ar a chumas tabhairt faoi chlár forbartha pobail ina cheantar feidhme, dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil. Cheadaigh an tÚdarás maoiniú freisin i rith na bliana chun fiosrúcháin a dhéanamh faoi thalamh a cheannach i Ráth Chairn.

### Baile Ghib

Ceadaíodh maoiniú do Choiste Halla Pobail Bhaile Ghib faoin Scéim Fiontair Pobail chun cuidiú leo feabhas a chur ar na córais slándála agus teicneolaíochta sa Halla Pobail, áit a bhfuil gteic@BaileGhib lonnaithe.

### Comhairle Contae na Mí

Cuireadh dlús faoin gcaidreamh le Comhairle Contae na Mí trí rannpháirtíocht sa gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil agus cruinniú leis an gCoiste Polasaí Cultúir chun cúrsaí forbartha agus teanga i gCo. na Mí a fhorbairt.

## Forbairt na Fiontraíochta

Thosaigh gnó nua, Fiontar Uí Chadhla, i rith na bliana agus tá siad ag foilsiú an pháipéir sheachtainiúil “An Páipéar”.

## Pleanáil Teanga

Is é Comharchumann Ráth Chairn Teo. an cheanneagraíocht atá freagrach as an bplean teanga a fheidhmiú sa Limistéar Pleanála Teanga seo. Tá Oifigeach Pleanála Teanga fostaithe agus bhí maoiniú iomlán €120,000 ar fáil d’fheidhmiú an phlean teanga le linn na bliana. Mar chuid dá gclár oibre i rith na bliana, cuireadh béim ar chomhoibriú le ceantair Ghaeltachta eile. Bhí deis ag grúpa ceoltóirí óga áitiúla dul ar cuairt chuig Ceoltóirí Óga Chois Fharraige i mbliana chun ceangal a chruthú leis an gceantar trí mheán na n-ealaíon traidisiúnta. Chomh maith leis sin, cruthaíodh caidreamh láidir leis an Meitheal Mheantóireachta in Iarthar Bhéal Feirste chun comhoibriú ar ghearrchúrsa oiliúna do dhaoine atá ag obair in earnáil na Gaeilge a chur i gcrích.

# Gaeltacht na Gaillimhe






Peadar Mac Fhlannchadha, Cathaoirleach Choiste Forbartha Pobail Mhaigh Cuilinn, Dara Calleary TD An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail na Gaeltachta agus Tomás Ó Síocháin Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta




Sinéad Ní Neachtain (Coláiste Chonnacht), Declan Ó Droighnéain (CLG An Spidéal), Rónán Mac Con Iomaire (Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail & Pleanála Teanga Údarás na Gaeltachta), Breandán Ó Callaráin (Comhlacht Forbartha An Spidéal), Seán Ó Neachtain (Iontaobhas Choláiste Chonnacht) ag síniú Meamram Comhthuisceana a chinnteoidh todhchaí láidir don champas

## Forbairt Phobail

### Scéim na gComharchumann agus na nEagras Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú reáchtála €1.37m ar fáil do 12 eagras faoin gClár Forbartha Pobail in 2025. Ceadaíodh maoiniú do 16 choiste pobail agus deonach faoin Scéim Fiontair Pobail agus do sé eagras faoin Scéim Thacaíochta don Fhiontraíocht Shóisialta.

### Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

365 rannpháirtí agus 18 saoiste a bhí fostaithe ar na scéimeanna ag deireadh 2025: 193 ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 135 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe agus 37 ar TÚS. Tacaíonn na scéimeanna le coistí agus áiseanna pobail ar fud Ghaeltacht Chonamara. Tá ról tábhachtach acu i bhforbairt agus cothabháil bealaí siúlóide agus rothaíochta chomh maith le deiseanna taithí oibre agus oiliúna a chur ar fáil.

## Tograí Forbartha Pobail

### Ionad Pobail Mhaigh Cuillin

D'iompaigh an tAire Dara Calleary, T.D., an chéad fhód ar Ionad Pobail Mhaigh Cuilinn i nDeireadh Fómhair 2025, tionscadal €9.3m a chuirfidh go mór le beocht phobal Mhaigh Cuilinn agus an cheantair máguaird. Tá an conraitheoir ar an suíomh ó shin agus tá an obair ar aistriú talún idir na páirtithe leasmhara ag dul ar aghaidh go maith. Áireofar leis an áis nua-aimseartha seo halla mór ilfheidhmeach, mol d'fhiontraithe, seomra mór ilchuspóireach d'imeachtaí pobail, seomra ceoil, drámaíochta agus forbartha cruthaithí, oifigí pobail, seomraí feistis, agus áiseanna comónta. Tá an fhorbairt á cur i gcrích i gcomhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn.

### Coláiste Chonnacht, An Spidéal

Tá an Meamram Comhthuisceana sínithe idir Iontaobhaithe Choláiste Chonnacht, Comhlacht Forbartha an Spidéil, Cumann Lúthchleas Gael an Spidéil, Coláiste Chonnacht Teo. agus Údarás na Gaeltachta. Ceapadh Cathaoirleach neamhspleách agus beirt chomhaltaí ar an gCoiste Stiúrtha ó gach páirtí. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar na gnéithe oibríochtúla, idir obair theicniúil agus obair shuirbhéireachta, ceapadh rúnaí, bainisteoir tionscadail agus dlíodóir, agus tá tús curtha le máistirphlean cuimsitheach a dhréachtú don suíomh.

### Plean Lár Bhaile na Ceathrún Rua

Tá an obair ar Phlean Lár Baile na Ceathrún Rua ag teacht chun críche, agus táthar ag súil leis an bplean críochnúil san Earrach. Rinne comhairleoirí taighde príomhúil agus reáchtáladh dhá cheardlann leis an bhfoireann Lár Baile agus leis an bpobal in Aibreán 2025. Roinneadh dréachtphlean le páirtithe leasmhara an 19 Samhain, agus glacfar an t-aiseolas san áireamh sa leagan críochnúil.

### Ionad Óige agus Oideachais, Indreabhán

Tugadh faoi obair ullmhúcháin in 2025 chun cur ar chumas an Údaráis tairiscintí a lorg don Ionad Oideachais agus Óige in Indreabhán. Críochnaíodh obair mhór i gcomhar le Coláiste Lurgan maidir le gnéithe fuaime, trealamh agus comharthaíocht, aistriú talún agus conarthaí. Léirigh Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin suim san ionad, agus pléadh cúrsaí Gaeilge a reáchtáil ann a bheadh dírithe ar an earnáil phoiblí.

### EmpowerUs

Tá an togra dírithe ar fhorbairt na fiontraíochta sóisialta le rannpháirtíocht ó Ollscoil na Banríona agus Údarás na Gaeltachta. Seoladh leabhráin eolais éagsúla in 2025, lena n-áirítear 'Treoir Tionchar – Éire | Geilleagar Sóisialta an Chósta', Páipéar Teicniúil: 'Staid na hEarnála', 'Mná na Mara' (leabhar gníomhaíochta do ghasúir bhunscoile) agus 'SÓCHMHAINNÍ | Lámhleabhar teicniúil chun tacú le fiontair shóisialta bunaithe ar shóchmhainní sa Ghaeltacht'. Rinne na rannpháirtithe seoladh ar a gcuid oibre sa Bhruiséil ag tús Mheán Fómhair agus bhí seoladh áitiúil in Ionad na Feamainne, Leitir Mealláin. Thug ionadaithe ó na hEagrais Fhorbartha as Conamara agus Árann cuairt ar thionscnaimh phobail ar Inbhir agus an tOileán Sgitheanach in Albain agus ar Ghaeltacht Dhún na nGall.

## Forbairt an Fhiontraíochta

### Saolré

Cheadaigh an tÚdarás €2.2 milliún i Meán Fómhair 2025 chun Lárionad Barr Feabhais Inbhuanaithe Ísealcharbóin a fhorbairt ar an eastát i gCasla. Táthar i mbun an tionscadail sin i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe.

### Gnó

I measc na mórthograí ar cuireadh tús leo, tá an obair athchóirithe ar mhonarcha Cloonkeen i mBaile an tSagairt agus tacaíocht do réimse nua earraí le deontas glasaithe.

## Turasóireacht

D'oscail an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary TD, Céim a hAon de Thionscadal Bonneagair Caitheamh Aimsire Lasmuigh Sheana Mhach i mí Lúnasa 2025. Bronnadh infheistíocht bhreise €500,000 i Samhain 2025 chun Céim 2 a fhorbairt, a chuirfidh 1.5km eile leis an tsiúlóid trí fheabhas a chur ar an dromchla lena n-áirítear clárbhealach a shuiteáil agus treisiú geoghreille. Rinneadh obair dheartha agus phleanála ar ionad cuairteoirí nua ar Oileáin Árann, agus tá an obair thógáil ar Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna beagnach críochnaithe. Tabharfar faoin bhfeistiú inmheánach go luath in 2026. Bronnadh deontais le haghaidh Oifigigh Thurasóireachta ar roinnt tionscadal eile, ina measc Ionad na Feamainne i Leitir Mealláin, tionscnaimh sa Spidéal, agus Cósta Gaelach Chonamara & Árann.

## Pleanáil Teanga

Bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú i ngach ceann de na deich Limistéar Pleanála Teanga i nGaeltacht na Gaillimhe le linn na bliana. Tá 14 phost d'Oifigigh Pleanála Teanga aitheanta agus cuireadh maoiniú iomlán €1.56m ar fáil do na LPT chun tacú leis na ceanneagraíochtaí a bplean oibre bliana a fheidhmiú.

Chuir na ceanneagraíochtaí cláir gníomhaíochtaí leathana, a bhí dírithe ar spriocghrúpaí ar leith, i gcrích. Mar shampla, reáchtáil FCL Teo. cúrsa fáilteachais trí Ghaeilge do 43 scoláire idirbhliana chomh maith le tionscadal comhoibrithe idir 4 LPT atá buailte ar chathair na Gaillimhe inar tugadh deis do 150 gasúr bunscoile dul i mbun na scríbhneoireachta cruthaithí faoi threoir filí áitiúla chun cnuasach filíochta uathúil a chur i dtoll a chéile agus freastal ar Fhéile Filíochta a eagraíodh mar chuid den togra.



Aisling Ní Dhochartaigh, an tAire Dara Calleary TD, Meadbh Seoighe,Jimmy Ó Ráinne agus Patrick McHugh ag oscailt cosán siúlóide Sheana Mhach ar an 27 Lúnasa.

# Gaeltacht Chiarraí





# €300,000

€300,000 d'eagraíochtaí forbartha pobail i gCiarraí









Cheadaigh an tÚdarás léas do Outwest Clothing ar aonad táirgíochta i mBaile an Éanaigh, Baile an Fheirtéaraigh i mí Aibreáin.



Drioglann Uisce Beatha Dhaingean Uí Chúis Teo a bhí páirteach i gcuairt trádála go Springfield le cliantchomhlachtaí eile an Údaráis



## Forbairt Phobail

### Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne

Scéim Deontais Caipitil Tithíochta: Ceadaíodh deontas caipitil €274,500 do CFCD Teo. chun tacú le togra tithíochta nuálach i mBaile an Fheirtéaraigh a dhíreoidh ar an ngéarchéim lóistín atá ag cur isteach ar choláistí samhraidh Gaeilge. Faoin scéim nua, cuirfear deontas caipitil 10% ar fáil suas go huasmhéid €300,000 d'eagrais forbartha pobail sa Ghaeltacht atá ag fáil deontas reáchtála ón Údarás. In 2024, d'fhreastail thart ar 3,000 duine ar chúrsaí Gaeilge, ach bhí liosta feithimh ar a raibh 1,300 duine óg nárbh fhéadfaí freastal orthu de dheasca easpa lóistín. Tá an scéal níos measa do 2025, le liosta feithimh ar a bhfuil 1,500 duine ann cheana féin. Forbróidh CFCD Teo. ceithre theach leathscoite trí stór i mBaile an Fheirtéaraigh. Beidh cúig sheomra leapa i ngach teach, le dáréag foghlaimeoir Gaeilge i ngach ceann. Ligfear na tithe ar cíos le daoine a choinneoidh foghlaimeoirí Gaeilge, agus bainfidh coinníollacha daingne teanga leis an togra.

Ceadaíodh tacaíocht d'eagraíochtaí éagsúla faoin Scéim Fiontair Pobail: Coiste Cheoltóirí Lios Póil (breis uirlisí ceoil a chur ar fáil do na baill), Coiste Forbartha Halla na Feothanaí (áiseanna le freastal ar an bpobal a fheabhsú), An Díseart Teo. (boscaí neadaireachta a chur suas ar thaobh na bhfoirgneamh chun spás sábháilte a thabhairt do ghabhláin gaoithe), agus Forbairt na Dromoda Teo. (maoiniú faoin scéim Coincheap chun deiseanna forbartha ar shuíomh a iniúchadh agus maoiniú faoi sheirbhísí sóisialta chun córas slándála a cheannach).

## Forbairt an Fhiontraíochta

### Net Feasa Ltd

Bunaíodh Net Feasa Limited mar chomhlacht comhairleoireachta teicneolaíochta in 2015 agus tá siad lonnaithe i nDaingean Uí Chúis le hoifigí sa Téaváin agus i Meiriceá. Cuireann an comhlacht seirbhís comhairleoireachta teicneolaíochta ar fáil do chomhlachtaí domhanda ar nós Panasonic, Aeromobile agus Matson. Forbraíonn siad bogábhar IoT mar aon le gréasáin 5G, Wifi, agus LoRa ar bhonn tráchtála. Ceadaíodh pacáiste tacaíochta i mí Iúil chun cabhrú leis an gcomhlacht fostaithe nua a earcú agus a fhostú. Táthar ag súil go gcruthóidh an fhorbairt go leor postanna nua do cheantar Gaeltachta Chorca Dhuibhne.

### Mara Beo Teo.

Bunaíodh an t-uisceadán i nDaingean Uí Chúis sa bhliain 1996 agus is é an ceann is mó in Éirinn é. Ionad turasóireachta d'ardchaighdeán atá ann ina bhfuil taispeántais éagsúla bunaithe ar acmhainn na mara agus an nádúr, ina measc taispeántais d'éisc de gach saghas, siorcanna, piongainí agus ainmhithe agus plandaí mara éagsúla. Cuirtear go rialta leis an taispeántas chun daoine a mhealladh chuig an ionad go leanúnach. Osclaíodh an t-uisceadán in 1996 ar chostas €2.5 milliún agus tá forbairtí breise déanta air ó shin. Tá feidhm chaomhnaithe ag Mara Beo Teo. mar go bhfuil siad páirteach i bhfeachtais éagsúla chaomhnaithe do speicis atá i mbaol. Cheadaigh an tÚdarás deontas caipitil le hobair leathnúcháin a dhéanamh ar an bhfoirgneamh chun cur leis an tairiscint turasóireachta, ag cruthú agus ag buanú na fostaíochta agus ag tacú le todhchaí inbhuanaitheach an ghnó.

### Outwest Clothing Ltd

Bunaíodh Outwest Clothing Limited in 2021 chun díriú ar earraí éadaigh don mhargadh caitheamh aimsire faoin aer. Tá próiseas uathúil dearaidh ag an ngnó a chuirtear i bhfeidhm i gcás gach píosa éadaigh agus tá an branda Outwest ag dul i méid go domhanda. Táirgtear dhá phríomhréimse éadaigh – earraí neamhfhoirmeálta agus earraí teicniúla. Tá ainmneacha Gaeilge ar na píosaí éadaigh – 'ar aghaidh linn' mar mhana ar t-línte chun daoine a spreagadh bualadh amach faoin aer; 'Saolré' mar ainm ar sheaicéad lena léiriú go mairfidh an éide i bhfad; 'Séasúr' mar ainm ar sheaicéad eile lena léiriú go bhfuil an éide oiriúnach le caitheamh i rith na bliana ar fad. Cheadaigh an tÚdarás léas ar aonad táirgíochta i mBaile an Éanaigh, Baile an Fheirtéaraigh i mí Aibreáin.

### Caroline Uí Loingsigh

Is úinéir agus bunaitheoir an ghnó í Caroline Uí Loingsigh agus tá breis agus 20 bliain taithí aici i mbainistiú gnó bia agus lónadóireachta. Tá céim bhaitsiléara aici sna hEalaíona Cócaireachta. Faoi láthair, cuireann an gnó dhá sheirbhís ar fáil – táirgí bia do ghnólachtaí áitiúla agus seirbhís lónadóireachta do ghnónna, ócáidí corporáideacha, eagraíochtaí stáit agus gnónna turasóireachta. Níl seirbhís lónadóireachta ar bith eile ar an scála seo i gCorca Dhuibhne agus tá an tseirbhís fíorthábhachtach don cheantar, go háirithe don earnáil turasóireachta agus fáilteachais. Ceadaíodh Deontas Caipitil micrifhiontar chun trealamh nua a cheannach. Cabhróidh an tacaíocht seo léi an gnó a fhorbairt agus fostaíocht bhreise a chur ar fáil.

### Páirc Ghnó na Coille, Daingean Uí Chúis

Ceadaíodh soláthar caipitil chun foireann deartha a cheapadh, pleananna forbartha a ullmhú agus costas measta na forbartha a chur ar fáil, d'fhonn dhá aonad fiontraíochta (Aonad 3 agus Aonad 4) a athchóiriú mar réamhaonaid déantúsaíochta bia. Tá polasaí gníomhach agus dearfach ag Údarás na Gaeltachta i leith gnóthaí bia agus deoch agus tá sé tábhachtach an earnáil bia agus deoch a fhorbairt níos mó ar an leithinis. Tá 5 aonad déantúsaíochta bia mar aon le dhá sheanaonad fiontraíochta ar Pháirc Ghnó na Coille faoi láthair: Dingle Sushi, Dingle Chocolates, Bean in Dingle, Salann Mara an Daingin Teo. agus Scoil Chócaireachta an Daingin. Cuirfear leis an infreastructúr, cruthófar fostaíocht nua agus tacófar le fiontraithe nua ag céim thábhachtach ina bhforbairt.

## Turasóireacht

Ghlac toscaireacht ghnó as Corca Dhuibhne páirt i gcuairt trádála go Springfield i mbliana agus bhí siad páirteach i dtaispeántas cultúir, oideachais, trádála agus turasóireachta ag an Big E. Athchóiríodh an spás ar an bhfaiche aonaigh mar leagan amach sráide le dathanna na ngnóthaí féin. I measc na gcomhlachtaí bhí na seodóirí Brian de Staic, Criostal an Daingin, Drioglann Uisce Beatha Dhaingean Uí Chúis, ceardaithe aonair, Ionad an Bhlascaoid Mhóir, chomh maith le hionadaithe ó Chomhairle Contae Chiarraí agus Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne a rinne comhordú ar an turas. Eagraíodh imeachtaí fáiltithe, deiseanna comhoibrithe agus ócáidí líonraithe agus d'éirigh go han-mhaith leis an gcuairt.

## Pleanáil Teanga

Tá trí phlean teanga á bhfeidhmiú i gCiarraí: LPT Chiarraí Thiar, LPT Chiarraí Theas agus Baile Seirbhíse Gaeltachta Dhaingean Uí Chúis. Tá ceithre phost mar Oifigeach Pleanála Teanga ceangailte leo agus infheistíocht €420,000 sa bhliain. Tá Oifigeach Óige fostaithe i gCiarraí Thiar agus ceann eile le fostú go luath i gCiarraí Theas. Tá tacaíocht ag teacht ó Phlean Teanga Chiarraí Thiar, Plean Teanga Dhúchas an Daingin, Plean Teanga Chiarraí Theas, Plean Teanga Chathair Saidhbhín agus páirtithe leasmhara eile (Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus Muintearas).

Beirt rannpháirtí i mbun oibre ag déanamh boscaí bláthanna mar chuid de Scéim Fostaíocht Pobail Chorca Dhuibhne



# Gaeltacht Chorcaí




## €1m

Ceadaíodh soláthar caipitil suas go €1.039m i 2024 chun Ionad Cuairteoirí a fhorbairt.



Oileán Chléire


Campas Íosagáin, ionad forbartha réigiúnach i mBaile Bhuirne, Co. Chorcaí

## 1,720m²

Déanfar spás fiontraíochta agus oiliúna d'achar thart ar 1,720 méadar cearnach a chur ar fáil.

Chuir Údarás na Gaeltachta fáilte chroíúil roimh bhua Folláin ag bronnadh Ghradam Rogha na Gaeltachta ag Blas na hÉireann, Gradaim Bhia na hÉireann 2025, a fógraíodh i Daingean Uí Chúis ar an Aoine 3ú Deireadh Fómhair.



Comhghairdeas le Folláin as Gradam Rogha na Gaeltachta a bhuachan ag Blas na hÉireann 2025

## Turasóireacht

### Ionad Cuairteoirí Chléire

Roghnaíodh an togra seo de dheasca comhaontú comhpháirtíochta idir an tÚdarás agus Fáilte Ireland. Ceadaíodh soláthar caipitil suas go €1.4m in 2024 chun Ionad Cuairteoirí a fhorbairt in Aonad 1 agus chuir Fáilte Ireland maoiniú €831,000 (80% den chostas iomlán) ar fáil ina leith.

Tá dul chun cinn maith déanta faoi stiúir an bhainisteora togra. Reáchtáladh lá oscailte don phobal i Meán Fómhair chun eolas a roinnt agus aiseolas a fháil. Tá iarratas ar chead pleanála réitithe ag Innealtóirí Tobins agus curtha faoi bhráid na Comhairle Contae. Tá Mirador Media ceaptha chun an léirmhíniúchán a réiteach agus tá Fáilte Ireland ag obair leis na páirtithe leasmhara chun branda agus plean bainistíochta cuairteoirí a fhorbairt. Cheadaigh an tÚdarás léas 10 mbliana don togra agus meastar go mbeidh sé ar a laghad 8 mhí eile sula mbeidh an togra faoi lán seoil, ag brath ar chead pleanála.

Idir an dá linn, ceadaíodh ceadúnas cúig mhí don Chomharchumann i mbliana chun freastal ar ghníomhairí taistil Globus Tours agus Albatross Tours le linn an tsamhraidh. Chuir Fáilte Ireland comhairle ar an gComharchumann chun freastal ar na grúpaí seo.

## Forbairt na Fiontraíochta

### Bia Ganbreise Teo.

Tá Bia Ganbreise Teo. lonnaithe i bhfoirgneamh an Údaráis i mBéal Átha an Ghaorthaidh ó 2011. Soláthraíonn an comhlacht táirgí bia saor ó ghlútan don mhargadh náisiúnta, lena n-áirítear brioscaí, gránach, plúr, arán, gránóla, milseoga agus meascáin bhacála. Déanann sé na táirgí seo ar bhonn chonartha do chomhlachtaí, brandaí náisiúnta agus d’ollmhargaí éagsúla. Ceadaíodh cúnamh deontais i mbliana chun trealamh breise a cheannach. Tá díolacháin an chomhlachta ag méadú agus custaiméirí nua aimsithe. Ceadaíodh ceadúnas trí mhí le haghaidh Aonad 2 i mBéal Átha an Ghaorthaidh don chomhlacht chun táirgí bia (le glútan) a ullmhú do mhargadh na Nollag thar cheann Donnybrook Fair.

## Campas Íosagáin

Mar chuid den fhorbairt, déanfar spás fiontraíochta agus oiliúna thart ar 1,720 méadar cearnach a chur ar fáil. Beidh an spás agus na háiseanna seo ar fáil: gteic ina mbeidh spás oibre agus áiseanna oifige roinnte idir dheasca oibre agus oifigí príobháideacha, áiseanna oiliúna/traenála agus áiseanna físchomhdhála, seirbhísí roinnte, ceaintín agus spás comónta, agus Oifig Réigiúnach nua don Údarás féin.

Soláthróidh an lárionad seirbhísí forbartha gnó, fiontraíochta agus oiliúna: comhairle agus seirbhísí sainiúla tacaíochta do ghnólachtaí nua, réimse leathan seirbhísí gnó agus oiliúna do chuideachtaí seanbhunaithe, seirbhísí forbartha scileanna agus forbartha cumais, seirbhísí taighde agus nuálaíochta, oiliúint do thograí nua, comhairle i leith foinsí maoinithe, agus forbairt ar ghréasán tacaíochta agus deiseanna foghlama.

Cuireadh tús leis an obair thógála ar an suíomh an 1 Meán Fómhair 2024 agus meastar go dtógfaidh sé 15 mí an obair a thabhairt i gcrích. Táthar ag leanúint leis an obair de réir an sceidil agus laistigh den bhuiséad. Beidh na tógálaithe críochnaithe i mí Feabhra 2026 agus táthar ag súil go mbeidh Campas Íosagáin oscailte san Aibreán.

### JM Energy Savings Limited

Tá an comhlacht seo ag feistiú córais ghréine PV dá gcliaint áitiúla, tráchtála agus talmhaíochta. Thosaigh siad amach le spás oifige sa gteic agus tá siad ag fás agus ag forbairt ó bhliain go bliain. Cheadaigh an tÚdarás léasanna breise i Meán Fómhair 2025 ar spás táirgeachta agus oifige breise chun díriú ar ghnéithe éagsúla eile agus chun tuilleadh fostaíochta a chruthú.

## Forbairt Phobail

### Comharchumann Chléire Teo.

Tá plean 5 bliana á chur i bhfeidhm chun forbairtí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir a chur chun cinn. San áireamh tá Coláiste Pobail Chléire, Plean Teanga Chléire, gteic@ Cléire, Club Chléire, Oifig Eolais/Siopa Ceirde, chomh maith le hoibreacha tógála/ cothabhála agus seirbhísí eile. Táthar ag obair go dlúth leis an Údarás agus Fáilte Ireland chun an tIonad Cuairteoirí nua a réiteach. Ceadaigh an tÚdarás maoiniú chun oifigeach turasóireachta a earcú faoin scéim forbartha turasóireachta agus seoladh suíomh idirlín nua le cabhair deontais faoi scéim trádála ar líne.

Tá an Comharchumann ag déanamh athchóiriú ar dhá theach agus i mbun feachtais chun dhá chlann a bhfuil leanaí óga acu a mhealladh chuig an Oileán ar mhaithe leis an scoil a choimeád oscailte. Tá siad gníomhach ag forbairt an ionaid athchúrsála agus tá ról lárnach acu i dtogra Eorpach Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais. Tá siad sáite i bhforbairt Clóis Spraoi agus i dtograí ealaíne Cumas Ceantar i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí. Tá ceathrar fostaithe go lánaimseartha agus triúr déag fostaithe go páirtaimseartha.

Tá sé beartaithe sa chéad tréimhse eile, spás fiontraíochta a athchóiriú do photadóir áitiúil, urlár spóirt a chur isteach sa choláiste samhraidh, an clós spraoi a thabhairt chun críche agus córas fuinnimh inathnuaite a chur isteach don dá bhus leictreacha, chomh maith leis na gnáthsheirbhísí a sholáthar. Táthar ag súil go mbeidh an tIonad Cuairteoirí faoi lán seoil le linn na tréimhse sin.

### Coiste Forbartha Bhéal Átha an Ghaorthaidh CTR

Tá an Coiste i mbun obair leanúnach chun Iarsmalann Athbheochan na Gaeilge 'An Súgán' a fhorbairt i seanscoil Choláiste na Mumhan i mBéal Átha an Ghaorthaidh. Is éard atá beartaithe ná an oidhreacht chultúir a chaomhnú agus Ionad Cuairteoirí a fhorbairt a bheidh dírithe ar oidhreacht agus ar stair an choláiste, mar aon le háis pobail ilchuspóireach. Le cabhair deontais, d'fhostaigh an Coiste comhairleoirí Mirador Media chun plean léirmhíniúcháin a réiteach. Tá suim léirithe ag Fáilte Ireland ann agus tá sé liostáilte ar Phlean VDP Iarthar Chorcaí. Cheadaigh an tÚdarás cúnamh deontais faoin Scéim Fiontair Pobail chun iarratas a réiteach do Chlár LEADER chun maoiniú a aimsiú le haghaidh oibreacha cothabhála, agus d'éirigh leo an maoiniú a fháil.

## An Phleanáil Teanga

Tá dhá limistéar pleanála teanga i gContae Chorcaí – Múscraí agus Cléire. Tá infheistíocht €240,000 i gceist idir an dá phlean agus dhá phost mar Oifigeach Pleanála Teanga. Cuimsítear sna pleananna réimsí éagsúla an tsaoil mar aon le deiseanna sóisialta trí Ghaeilge a chruthú amhail féilte, imeachtaí cultúir, ranganna agus tacaíochtaí do theaghlaigh.

## Buaicphointí na Bliana

Bronnadh duais thábhachtach ar Fia Bán Teo. (9 White Deer), micreaghrúdlann i mBaile Bhuirne i nGaeltacht Mhúscraí, ag Duaiseanna Fuinnimh SEAI 2025. Déantar ceiliúradh ag an ócáid seo ar bharr feabhais i gcur chun cinn an fhuinnimh inbhuanaithe agus i ngníomhú ar son na haeráide. D'fhreastail ionadaithe ar cheardlann fuinnimh idirnáisiúnta ar Chléire 'Úinéireacht Chomhroinnte agus Maoiniú Tograí Fuinnimh Ghlan', a d'eagraigh an tÚdarás mar chuid den scéim Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais. Tá an tÚdarás páirteach ina pháirtí réigiúnach agus tá 30+ oileán ón Eoraip roghnaithe le haghaidh tacaíocht theicniúil leanúnach chun córais fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. Bhí cainteoirí ó thíortha éagsúla agus saineolaithe ón Danmhairg, ón Iodáil, ón Eastóin agus ón gCoimisiún Rialacháin i láthair. Pléadh tograí éagsúla ar nós fuinneamh gréine, fuinneamh gaoithe agus feabhsú fuinnimh i bhfoirgnimh.

## Blas na hÉireann 2025

Chuir Údarás na Gaeltachta fáilte chroíúil roimh bhua an chomhlachta Folláin ag bronnadh Ghradam Rogha na Gaeltachta ag Blas na hÉireann, Gradaim Bhia na hÉireann 2025, a fógraíodh i Daingean Uí Chúis ar an Aoine an 3 Deireadh Fómhair.

Tugtar aitheantas le Gradam Rogha na Gaeltachta do tháirgeoirí bia den scoth atá fréamhaithe i bpobail Ghaeltachta agus a chuimsíonn spiorad na Gaeilge, an oidhreacht agus an cultúr ina gcuid táirgí.

# Gaeltacht Phort Láirge




Crunniú Údarás na Gaeltachta le Nemeton



## Nemeton

Bhunaigh Nemeton Teo. grúpa inmheánach chun greim a fháil ar conas IS a chur i bhfearas ag tosnú le próisis níos éifeachtúla dá bhfoireann (75 duine).




Údarás na Gaeltachta ag dul chun cinn le Tionscadal d'Ionad Fiontraíochta Nua i nGaeltacht na nDéise

An Rinn i nGaeltacht na nDéise



## 1000m²

Tá an tÚdarás ag súil cead pleanála a bhaint amach d'aonad fiontair nua 1000 m² i 2026.

## Forbairt na Fiontraíochta

### Inneall Tóireacht Teicneolaíochta Teo.

Is comhlacht déantúsaíochta leictreonaice é seo a bunaíodh in 1983. Táirgeann sé amadóirí leictreacha do chomhlaí solanóide agus tá sé lonnaithe sa Rinn. Earcaíodh baill foirne nua le linn 2025 agus tá sé i gceist clár taighde agus forbartha a sheoladh chun táirge nuálach a fhorbairt atá dírithe ar mhargaí domhanda. Tá an comhlacht ag druidim le 2026 le muinín maidir le nuálaíocht táirgí, margaí idirnáisiúnta, fás agus fostaíocht.

### Nemeton Teo.

Ba í an bhliain 2025 an bhliain inar tugadh faoi deara ceart an luach a bhaineann le hintleacht shaorga (IS) d'earnáil na teilifíse. Cruthóidh sin dúshláin mhóra i ngach réimse d'obair Nemeton Teo., idir bheochraolta spóirt, chláir faisnéise agus oiliúint.

Bhunaigh Nemeton Teo. grúpa inmheánach chun an tslí chun IS a chur i bhfearas a fhiosrú ag tosú le próisis níos éifeachtúla a aimsiú don fhoireann (75 duine). D'fhreastail duine d'eagarthóirí an chomhlachta ar chúrsa le comhlacht sna Stáit Aontaithe a thaispeánann an tslí chun leas a bhaint as an IS nuair atá cláir faisnéise á léiriú. Tá sé d'aidhm ag an gcomhlacht an oiliúint sin a chur ar an bhfoireann féin ar dtús agus ansin í a roinnt leis an earnáil.

Buaic den scoth a bhí inti ó thaobh léiriúcháin spóirt, ó thaobh líon na gcluichí craolta agus ar líne, mar aon le modhanna nua léiriúcháin agus teicneolaíochta. Cuireadh tús leis an gcianléiriú freisin – agus bhíothas ábalta cluichí a thógáil ó gach aird den tír agus iad a cheangal isteach i bpríomhchlár an lae (GAA Beo ar TG4) ar chostas íseal. Cruthóidh sé seo deiseanna nua fostaíochta amach anseo.

## Forbairt Phobail

### Coiste Forbartha Pobail CTR

Thug an tÚdarás tacaíocht bhreise don choiste in 2025 chun na costais maidir le balla cosanta don pháirc uile-aimseartha a íoc. D'éirigh leis an gcoiste gradam Sláinte & Folláine ag Gradaim Choiste PPN & Oibrithe Deonacha 2025 a bhaint amach. Cheadaigh an tÚdarás maoiniú faoin scéim urraíochta don ócáid bailithe airgid "Béile le Chéile 2025" a reáchtáladh i mí na Samhna.

## An Phleanáil Teanga

Tá infheistíocht €120,000 i gceist san LPT le post amháin mar Oifigeach Pleanála Teanga. Ar cheann de bhuaicphointí na bliana seo bhí eisiúint an dlúthdhiosca “Teampall Geal na nDéise” le hamhránaithe agus ceoltóirí an cheantair a rinne caomhnú ar oidhreacht chultúir cheoil na nDéise. Tá an togra Bricfeasta le Gaeilge ag dul ó neart go neart agus ag freastal ar gach aoisghrúpa. Bíonn comhoibriú maith idir an Plean Teanga agus páirtithe leasmhara eile – Tuismitheoirí na Gaeltachta, cur i gcás – rud a chinntíonn tacaíocht mhaith do theaghlaigh an LPT.

## Buaicphointí na Bliana

### Lárionad Fiontraíochta na nDéise

Thug Údarás na Gaeltachta pleananna d’ionad fiontraíochta nua i nGaeltacht na nDéise chun cinn a bhfuil sé mar sprioc leis fostaíocht a chur ar fáil le haghaidh suas le 50 post lánaimseartha a fheidhmeoidh mar phointe fócais d’fhiontar, cultúr agus turasóireacht sa cheantar.

Cuireadh na pleananna i láthair Bhord an Údaráis ag cruinniú sa Rinn i mí Iúil, áit ar leagadh amach fís chuimsitheach d’áis ilchuspóireach 1,000 méadar cearnach a dhéanfaidh freastal ar riachtanais fiontraíochta, phobail agus chultúir an cheantair.

Cuimsítear san fhís: spás oscailte/fáiltiú d’ócáidí pobail agus taispeántais ealaíon, spásanna oifige do chuideachtaí áitiúla ar nós Na Bróga Dearga, Nemeton agus Mireóg, spás oifige do Chomhlucht Forbartha na nDéise agus d’Údarás na Gaeltachta, spás gteic do thart ar fiche duine le meascán d’oifigí aonair agus deascanna roinnte, ionad cúraim leanaí (na féidearthachtaí á bhfiosrú), caife, agus amharclann faoin aer.

Tionóladh comhairliúchán poiblí maidir leis an Lárionad Fiontraíochta seo in Oifigí Chomhlacht Forbartha na nDéise i mí na Nollag agus thug Údarás na Gaeltachta, i gcomhar le Vincent Hannon Architects (VHA), cuireadh oscailte don phobal teacht chun na dréachtphleananna don fhorbairt a fheiceáil agus aiseolas a thabhairt. Déanfar aiseolas an phobail a mheas go luath agus áireofar iad sa dearadh deiridh agus san ullmhúchán pleanála.

Sna míonna amach romhainn, leanfaidh próiseas comhairliúcháin, iarratas ar chead pleanála, agus cás gnó. Tá an tÚdarás ag súil cead pleanála a bhaint amach d’aonad fiontair nua 1,000 m² in 2026.




An Rinn

Údarás na
Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

www.udaras.ie

Fón: 091-503100
Ríomhphost: eolas@udaras.ie